Foras na Gaeilge

# Miontuairiscí Chruinnithe Boird Fhoras na Gaeilge don bhliain 2022

**Dáta** **Leathanach**


| Dáta | Leathanach |
|---|---|
| 21 Eanáir | 02 |
| 11 Márta | 08 |
| 29 Aibreán | 17 |
| 24 Meitheamh | 27 |
| 16 Meán Fómhair | 40 |
| 04 Samhain | 47 |
| 16 Nollaig | 52 |

**Miontuairiscí ón 194ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 21 Eanáir 2022 ar líne ar Zoom**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), C. McGuinness (Leas-Chathaoirleach), D. Ó Brolcháin, F. Nic Giolla Chatháin, I. Ó Dochartaigh, W. Majekodunmi, N. Ní Chiaráin, C. Mac Giolla Mhín, L. Ní Riada, agus D. Mac Cárthaigh.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), B. Mac Craith, S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí, agus K. Johnston.

**Leithscéalta:** K. Ó hEadhra, L. Rushe, agus M. Ní Chonghaile.

## 01.194 FÁILTE ÓN GCATHAOIRLEACH

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí chuig an gcruinniú, atá á reáchtáil ar Zoom, agus ghuigh sí beannachtaí na hathbhliana orthu. Ghabh sí a buíochas chomh maith as am gach Comhalta freastal ar na cruinnithe éagsúla a reáchtáladh ó thús na bliana. Tugadh achoimre ar na socruithe agus nósanna teicneolaíochta a bhí i bhfeidhm ag an gcruinniú.

## 02.194 GNÓ AN CHATHAOIRLIGH

Thug an Cathaoirleach achoimre ar chomhairle dlí a lorgaíodh faoi ról an vóta i leith chinntí an Bhoird, agus cuireadh in iúl go roinnfí cóip iomlán den chomhairle leis an mBord i ndiaidh an chruinnithe.

Meabhraíodh do Chomhaltaí Dearbhuithe Leasa don bhliain a sheoladh chuig Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le Comhaltaí as léirithe spéise a chlárú chun folúntais ar na Coistí Boird a chomhlíonadh, agus chuir sí moladh faoi bhráid an Bhoird i dtaca le ballraíocht na gCoistí Boird. Glacadh leis an moladh.

## 03.194 MIONTUAIRISCÍ AN CHRUINNITHE BOIRD 10 NOLLAIG 2021

Glacadh leis na miontuairiscí den 10 Nollaig 2021.

## 04.194 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go mbeadh plé ag an gCoiste Forbartha maidir le meitheal chomhairleach don phleanáil teanga. Tuairiscíodh go bhfuil an Feidhmeannas ag breathnú ar an leagan amach a bhíonn ar an Ráiteas Caiteachais, agus go bhfuil obair idir lámha chun cáipéis a bhaineann le buaicphointí 2021 a chur le chéile.

Tugadh suntas dó go bhfuil stádas iomlán oifigiúil anois ag an nGaeilge mar theanga oibre de chuid an AE. Fiosraíodh an bhfuil aon phlean ag Foras na Gaeilge an dea-nuacht seo a cheiliúradh, ar an ábhar go raibh Foras na Gaeilge ar cheann de na chéad eagraíochtaí a ghníomhaigh ar an cheist seo.

## 05.194 BAOL COIMHLINTÍ LEASA

Cuireadh in iúl go raibh baol coimhlint leasa ag Comhaltaí mar seo a leanas:
- D. Ó Brolcháin leis an Scéim Chóiríochta Aonuaire d'Ionaid Phobail Gaeilge; agus
- An Príomhfheidhmeannach, le Clár Téarnaimh Covid-19 d'eagraíochtaí pobail ó thuaidh.

## 06.194 COVID 19

Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha tuairisc i dtaca le Covid-19.

## 07.194 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Tuairiscíodh gur dhearbhaigh an RTCEGSM gur gá a dtreoir maidir le pá Oifigigh sna Líonraí Gaeilge a leanúint, agus, dá réir sin, gur ghá a chinntiú gurbh ionann scála tuarastail na nOifigeach sa Ghaeltacht agus scála na n-oifigeach lasmuigh den Ghaeltacht. Rinneadh plé ar an gceist seo agus dearbhaíodh don Bhord gur pléadh na gnéithe éagsúla den cheist sna cruinnithe agus sa chomhfhreagras idir Foras na Gaeilge agus an Roinn.

Freagraíodh roinnt fiosruithe ón mBord faoin Scéim Chóiríochta Aonuaire d'Ionaid Phobail Ghaeilge.

Iarradh eolas breise maidir leis an gcruinniú idir Foras na Gaeilge agus an Chomhairle Ealaíon, ar tagraíodh dó i dTuairisc na hArdbhainistíochta, agus cuireadh in iúl gur cruinniú bliantúil a bhí ann ina ndearnadh plé leathan faoin nGaeilge sna healaíona. Dúradh go rabhthas ag súil le cruinniú eile toisc gurbh é an chéad uair don Chathaoirleach bualadh le Príomhfheidhmeannach na Comhairle Ealaíon agus go raibh féidearthachtaí le ríomh.

Glacadh le moladh faoi bhallraíocht an Choiste Téarmaíochta [**Aguisín A**].

**D'fhág an Príomhfheidhmeannach an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa.**
Ghlac an Bord leis an moladh uasmhéid de £1.4m imfhálaithe a chur ar fáil do Ghlór na nGael le Clár Téarnaimh Covid-19 d'Eagraíochtaí Pobail ó thuaidh a riar.

**D'fhill an Príomhfheidhmeannach ar láthair an chruinnithe ag an bpointe seo.**

D'fhaomh an Bord na híocaíochtaí a rinneadh faoi mhír 3 den Scéim Tharmligin ó bhí an cruinniú deiridh den Bhord ann.

**D'fhág D. Ó Brolcháin an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa.**

Cheadaigh an Bord na híocaíochtaí a rinneadh faoin Scéim Chóiríochta Aonuaire d'Ionaid Phobail Gaeilge, a ceadaíodh faoi mhír 3 den Scéim Tharmligin.

**D'fhill D. Ó Brolcháin ar láthair an chruinnithe ag an bpointe seo.**

Cheadaigh an Bord íocaíocht ar luach €104,597, CBL san áireamh do Lorg Media le haghaidh an fheachtais *Creidim Ionat*.

Glacadh le Tuairisc na hArdbhainistíochta

## 08.194 TUAIRISCÍ Ó CHOISTÍ AN BHOIRD

### a) An Coiste Forbartha

Thug Leas-Chathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Forbartha ar an 14 Eanáir. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

i) Tugadh nuashonrú ar na Meithleacha Comhairleacha Boird i réimse an Oideachais agus i réimse an chaidrimh phoiblí;
ii) Tugadh nuashonrú ar an bpróiseas comhairliúcháin do Phlean Corparáideach Fhoras na Gaeilge 2023-2025;
iii) Tugadh nuashonrú ar an bpróiseas luachála ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta.

Tuairiscíodh go bhfuil fiosruithe á ndéanamh leis an RTCEGSM faoi láthair maidir le comhlacht de chuid na Roinne a úsáid leis an obair luachála a dhéanamh.

Glacadh leis na téarmaí tagartha do na Meithleacha Comhairleacha Boird. Cuireadh in iúl go lorgófaí léirithe spéise do na Meithleacha roimh an gcéad Chruinniú Boird eile agus go mbeadh siad le faomhadh ag an gcruinniú sin.

### b) Nóta eolais: leasú buiséid 2021 Gaeloideachas

Ar an ábhar nach raibh cruinniú de Choiste na nDeontas ann roimh an gcruinniú seo, cuireadh nóta eolais faoi bhráid an Bhoird maidir le leasú buiséid 2021 Ghaeloideachas. Thug an Bord suntas don leasú.

**Glacadh briseadh ag an bpointe seo. Ghabh W. Majekodunmi agus D. Mac Cárthaigh a leithscéalta nach bhféadfadh siad fanacht don chuid eile den chruinniú, agus d'fhág siad an cruinniú.**

## 09.194 CUR I LÁTHAIR AR ARDÁIN FHORAS NA GAEILGE AR NA MEÁIN SHÓISIALTA AGUS AR AN BHFEACHTAS CREIDIM IONAT

**Tháinig A. Davitt, Clárbhainisteoir na Rannóige Cumarsáide agus Margaíochta i láthair an chruinnithe.**

Rinne A. Davitt cur i láthair ar fheidhmíocht Fhoras na Gaeilge ar na hardáin éagsúla meáin shóisialta, agus ar an bhfeachtas *Creidim Ionat* atá á phleanáil faoi láthair, agus bhí plé ina leith.

**Gabhadh buíochas le hA. Davitt agus d'fhág sí an cruinniú.**

## 10.194 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 NOLLAIG 2021

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais i láthair an Bhoird. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

i) D’éirigh le Foras na Gaeilge a bhuiséid a chaitheamh ar na mór-réimsí a aontaíodh ag tús na bliana; agus
ii) Tá fuílligh dheireadh na bliana níos ísle ná a bhí le sé bliana anuas.

Tuairiscíodh gur cheadaigh RTCEGSM maoiniú breise imfhálaithe de luach €635k ag deireadh 2021, a bheidh le caitheamh le linn 2022. Maoiniú imfhálaithe a bheidh ann do thionscadal an fhoclóra agus do Chlár na Leabhar Gaeilge.

Glacadh leis an Ráiteas Caiteachais.

**11.194 COMHFHREAGRAS**

Tuairiscíodh go bhfuair an Cathaoirleach comhfhreagras maidir le córas glórphoist Fhoras na Gaeilge – gur teachtaireachtaí taifeadta i mBéarla a bhí ann idir Nollaig agus an Bhliain Nua. Míníodh gur eascair fiosrúchán ó Oifig an Choimisinéara Teanga as an gcomhfhreagras. Míníodh gur nuashonrú teicneolaíochta uathoibríoch a d’fhág gur scriosadh na teachtaireachtaí réamhthaifeadta Gaeilge ar an gcóras glórphoist i ngan fhios don fheidhmeannas, agus go bhfuil an deacracht sin anois réitithe. Dearbhaíodh go raibh Oifig an Choimisinéara Teanga sásta leis an míniú sin.

**12.194 AON GHNÓ EILE**

Ní raibh aon ní le plé faoin mír seo.

________________________

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**11 Márta 2022**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2022**

| | 21/01/ 2022 | 11/03/ 2022 | 29/04/ 2022 | 24/06/ 2022 | 16/09/ 2022 | 04/11/ 2022 | 16/12/ 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Regina Uí Chollatáin | ✓ | | | | | | |
| Conor McGuinness | ✓ | | | | | | |
| Kevin Ó hEadhra | X | | | | | | |
| Doiminic Ó Brolcháin | ✓ | | | | | | |
| Liam Rushe | X | | | | | | |
| Freda Nic Giolla Chatháin | ✓ | | | | | | |
| Ian Ó Dochartaigh | ✓ | | | | | | |
| Wuraola Majekodunmi | ✓ | | | | | | |
| Neasa Ní Chiaráin | ✓ | | | | | | |
| Maighréad Ní Chonghaile | X | | | | | | |
| Caoimhín Mac Giolla Mhín | ✓ | | | | | | |
| Liadh Ní Riada | ✓ | | | | | | |
| Daithí Mac Cárthaigh | ✓ | | | | | | |

**Aguisín A: Ballraíocht mholta an Choiste Téarmaíochta (01/01/2022-31/12/2024)**

Fidelma Ní Ghallchobhair, Cathaoirleach
Donla uí Bhraonáin, Leaschathaoirleach
Andreas Vogel
Antain Mag Shamhráin
Colmcille Ó Monacháin/Donal Foley/ Helen Hegarty (ex officio: An Coimisiún Eorpach)
Caitríona Ní Chathail
Cathal Mac Coille
Cathal Mac Gabhann
Ciarán Mac Raghnaill (ex officio: Rannóg an Aistriúcháin)
Róisín Ní Dhuibhir/Michael Greene/Éanna Ó Ceallaigh/PJ Mac Gabhann/Gráinne Aylward (ex officio: Ardrúnaíocht Chomhairle na nAirí)
Dr Dónal Ó Muirthile
Dr Dónall Ó Baoill
Dr Éamonn Ó hÓgáin
Eibhlín Nic Gearailt (ex officio: CCEA)
Dr Gearóid Ó Cleircín (ex officio: Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU)
Labhrás Ó Finneadha/Dr Fionnuala de Barra-Cusack (ex officio: Parlaimint na hEorpa)
Máire Feiritéar
Matt Hussey
Micheál Ó Sé
Dr Niall Mac Uidhilin (ex officio: Acadamh na hOllscolaíochta, OÉG)
Nóilín Nic Bhloscaidh
Pádraig Ó Gaora
Dr Pádraig Ó Mianáin (ex officio: FNBG, Foras na Gaeilge)
Seosamh Ó Murchú (ex officio: An Gúm, Foras na Gaeilge)

**Miontuairiscí ón 195ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 11 Márta 2022 in Ionad na Fuiseoige, Béal Feirste agus ar líne ar Zoom**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), I. Ó Dochartaigh, N. Ní Chiaráin, K. Ó hEadhra, agus L. Rushe.
*Ar líne:* D. Ó Brolcháin, F. Nic Giolla Chatháin, C. Mac Giolla Mhín, L. Ní Riada, D. Mac Cárthaigh, agus M. Ní Chonghaile.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), B. Mac Craith, S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí, agus K. Johnston.

**Leithscéalta:** C. McGuinness (Leas-Chathaoirleach) agus W. Majekodunmi.

## 01.195 FÁILTE ÓN gCATHAOIRLEACH

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí chuig an gcruinniú in Ionad na Fuiseoige, agus ghabh sí a buíochas leis an Ionad as na háiseanna a chur ar fáil don Chruinniú Boird. Tugadh achoimre ar na socruithe agus nósanna teicneolaíochta a bhí i bhfeidhm don chruinniú.

Ritheadh rún comhghairdeachais le L. Rushe agus a pháirtí as a bpósadh.

## 02.195 GNÓ AN CHATHAOIRLIGH

Pléadh na léirithe spéise i dtaca le Meithleacha Comhairleacha an Bhoird, agus chuir roinnt Comhaltaí a léiriú spéise in iúl ó bhéal ag an gcruinniú. Cuireadh in iúl go ndéanfaí teagmháil leis na Comhaltaí sin faoi na meithleacha i ndiaidh an chruinnithe.

D'iarr an Cathaoirleach cead an Bhoird clár an chruinnithe a leasú le mír bhreise ó Chathaoirleach Choiste Cholmcille a chur san áireamh faoi Thuairisc na gCoistí Boird .

## 03.195 MIONTUAIRISCÍ AN CHRUINNITHE BOIRD 21 EANÁIR 2022

Glacadh leis na miontuairiscí den 21 Eanáir 2022.

## 04.195 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ

Chuir an Príomhfheidhmeannach na nithe seo a leanas ag éirí as na miontuairiscí in iúl:

- Go mbeadh tuairisc ann ón gCoiste Forbartha i dtaobh Meitheal Chomhairleach a bhunú i réimse na Pleanála Teanga;
- Go bhfuil liosta de bhuaicphointí 2021 ar fáil ar Decision Time;
- Go mbeadh Foras na Gaeilge agus an Roinn ag comhoibriú ar cheiliúradh stádas oifigiúil na Gaeilge san Aontas Eorpach.

## 05.195 BAOL COIMHLINTÍ LEASA

Cuireadh in iúl go bhfuil baol coimhlint leasa ag Comhaltaí mar seo a leanas:

- An Cathaoirleach, R. Uí Chollatáin, leis an moladh faoi Scéim Cholmcille agus leis an moladh faoi mhaoiniú breise Chlár na Leabhar Gaeilge;

- D. Mac Cárthaigh, leis an moladh faoi mhaoiniú breise Chlár na Leabhar Gaeilge; agus
- D. Ó Brolcháin leis an moladh faoi Scéim Cholmcille

**06.195 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA**

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.
Bhí plé ar na socruithe oibre de dheasca Covid; ar chúrsaí foirne; ar an oiriúnú; agus ar fhorbairt na straitéise maidir leis an nGaeilge ó thuaidh.

Glacadh le Tuairisc na hArdbhainistíochta

**07.195 TUAIRISCÍ Ó CHOISTÍ AN BHOIRD**

**a) Coiste na nDeontas**

*Síneadh 6 mhí ar Scéim na nOifigeach Gaeilge*
Ghlac an Bord leis an moladh síneadh sé mhí a cheadú do Scéim na nOifigeach Gaeilge.

*Maoiniú do na Gradaim Foilsitheoireachta*
D'fhaomh an Bord maoiniú €27,000 a thabhairt d'Oireachtas na Gaeilge leis na Gradaim Foilsitheoireachta a riar.

*Scéim na gCompántas Drámaíochta 2022*
D'fhaomh an Bord maoiniú ar luach €262,813 a thabhairt do 18 deontaí faoi Scéim na gCompántas Drámaíochta 2022 [**féach Aguisín A**].

**D'fhág D. Ó Brolcháin agus R. Uí Chollatáin an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa. Chuaigh I. Ó Dochartaigh sa Chathaoir.**

*Moladh faoi Scéim Cholmcille*
Ghlac an Bord leis an moladh €2,000 a thabhairt do Chomhar le tionscadal de chuid COMHARTaighde a riar.

**D'fhill D. Ó Brolcháin ar láthair an chruinnithe agus d'fhág D. Mac Cárthaigh an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa.**

*Moladh faoi mhaoiniú breise aon uaire do Chlár na Leabhar Gaeilge*
Tugadh suntas do nóta mínithe ar cheangaltais dheontais Chlár na Leabhar Gaeilge ó dheireadh 2021.

Thug an Bord suntas don bhriseadh síos ar an síneadh bliana ar Scéim na Foilsitheoireachta 2021 [**féach Aguisín B**], agus glacadh leis an moladh i dtaobh mhaoiniú breise aon uaire Chlár na Leabhar Gaeilge [**féach Aguisíní C & D**]

**D'fhill D. Mac Cárthaigh agus R. Uí Chollatáin ar láthair an chruinnithe ag an bpointe seo agus chuaigh R. Uí Chollatáin sa Chathaoir arís.**

**b) An Coiste Forbartha**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Forbartha. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

iv) Tugadh nuashonrú ar an moladh faoi Mheitheal Chomhairleach Boird i réimse na Pleanála Teanga agus aontaíodh nach raibh gá le meitheal sa réimse seo;

v) Tugadh nuashonrú ar an bpróiseas comhairliúcháin do Phlean Corparáideach Fhoras na Gaeilge 2023-2025, agus tugadh suntas do na socruithe maidir le hócáidí comhairliúcháin;

vi) Tugadh nuashonrú ar an bpróiseas luachála ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta, agus cuireadh in iúl go bhfuil plé ar bun le comhlacht a d'fhéadfadh tabhairt faoi ghnéithe den luacháil; agus

vii) Tugadh suntas don chur i láthair ar obair Chumann na bhFiann, agus pléadh obair na Ceanneagraíochta. Aithníodh go raibh cuma mhaith ar an chlár oibre agus gur cuireadh cuid mhór i gcrích ar líne le linn na paindéime. Tugadh suntas don bhéim a bheadh ag an eagraíocht ar fhorbairt gréasáin don óige i gCúige Mumhan agus i gCúige Uladh in 2022.

**c) An Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Osradhairc. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

i) An t-athchreidiúnú ar an gcáilíocht Swift 3000;
ii) An tuairisc ar fheidhmíocht na foirne Ard-Bhainistíochta;
iii) Nuashonrú faoi chás cúirte a bhfuil Foras na Gaeilge luaite leis;
iv) Nuashonrú ar an gcóras riartha deontais ar líne;
v) Seisiúin oiliúna don Bhord; agus
vi) Suirbhé bliantúil ar shásamh na foirne ag a gcuid oibre.

**D'fhág C. Mac Giolla Mhín an cruinniú ag an bpointe seo.**

**d) Coiste Cholmcille**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú de Choiste Cholmcille. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

i) Gur seo an chéad chruinniú den Choiste faoina bhallraíocht reatha;
ii) Scéimeanna Cholmcille; agus
iii) Deiseanna comhpháirtíochta le Bòrd na Gàidhlig.

**Glacadh sos 15 nóiméad ag an bpointe seo.**
**D'fhág M. Ní Chonghaile agus D. Ó Brolcháin an cruinniú ag an bpointe seo.**

## 08.195 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 28 FEABHRA 2022

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais agus an briseadh síos ar bhuiséad 2022 i láthair an Bhoird.

Glacadh leis an Ráiteas Caiteachais.

Pléadh Buiséad 2022 agus glacadh leis.

Glacadh leis an achoimre ar cheangaltais deontais agus ar dhíscríobh deontais Fhoras na Gaeilge amhail 31 Nollaig 2021.

## 09.195 CUR I LÁTHAIR AR THACAÍOCHTAÍ FHORAS NA GAEILGE DO NA hEALAÍONA GAEILGE

Rinne an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha, B. Mac Craith, cur i láthair ar na tacaithe a chuireann Foras na Gaeilge ar fáil do réimse na n-ealaíon Gaeilge agus bhí plé ina leith.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha as an gcur i láthair.

Tuairiscíodh go mbeadh cruinniú ag an gCathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha le Stiúrthóir agus baill foirne na Comhairle Ealaíon ó dheas go luath.

**D'fhág L. Ní Riada an cruinniú ag an bpointe seo.**

## 10.195 COMHFHREAGRAS

Ní raibh aon ní le plé faoin mír seo.


## 11.195 AON GHNÓ EILE

Fiosraíodh an bhféadfadh an feidhmeannas cur i láthair a dhéanamh ar an obair atá idir lámha agus an tacaíocht a chuireann Foras na Gaeilge ar fáil taobh istigh den Ghaeltacht.

Gabhadh buíochas le hIonad na Fuiseoige agus le Ciarán Ó Brádaigh as an tacaíocht a tugadh d'Fhoras na Gaeilge an Cruinniú Boird a reáchtáil ón Ionad.

Cuireadh in iúl go mbeidh K. Johnston ag críochnú lena ról in Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh ag deireadh na míosa seo, agus gabhadh buíochas leis as an gcúram a rinne sé maidir le riarachán an Bhoird le beagnach dhá bhliain anuas. Guíodh gach rath air agus é ag filleadh ar a sheanchúraimí sa Rannóg Airgeadais.

Iarradh seisiún gan Feidhmeannas a eagrú roimh an gCruinniú Boird ar an 29 Aibreán.



**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**29 Aibreán 2022**

**<u>Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2022</u>**

| | 21/01/ 2022 | 11/03/ 2022 | 29/04/ 2022 | 24/06/ 2022 | 16/09/ 2022 | 04/11/ 2022 | 16/12/ 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Regina Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | | | | | |
| Conor McGuinness | ✓ | X | | | | | |
| Kevin Ó hEadhra | X | ✓ | | | | | |
| Doiminic Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | | | | | |
| Liam Rushe | X | ✓ | | | | | |
| Freda Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | | | | | |
| Ian Ó Dochartaigh | ✓ | ✓ | | | | | |
| Wuraola Majekodunmi | ✓ | X | | | | | |
| Neasa Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | | | | | |
| Maighréad Ní Chonghaile | X | ✓ | | | | | |
| Caoimhín Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | | | | | |
| Liadh Ní Riada | ✓ | ✓ | | | | | |
| Daithí Mac Cárthaigh | ✓ | ✓ | | | | | |

**Aguisín A: Moltaí Maoinithe faoi Scéim na gCompántas Drámaíochta 2022**

| Uimhir Thagartha | Ainm an Eagrais | Méid Molta € | Méid Molta £ |
|---|---|---|---|
| 2201001.07 | Compánatas Amharclainne Aisling Ghéar | | £ 26,000 |
| 2201001.03 | An Cumann Drámaíochta UCC | € 450 | |
| 2201001.12 | High Rock Productions | € 43,000 | |
| 2201001.10 | Fíbín sa Taibhdhearc (Fíbín Teo) | € 43,000 | |
| 2201001.08 | Compántas Amharclainne Ababú | | £ 14,000 |
| 2201001.13 | Little Wolf | € 16,000 | |
| 2201001.18 | Stiúideo Cuan | € 20,000 | |
| 2201001.05 | Branar Téatar do Pháistí | € 13,000 | |
| 2201001.14 | Mumbro Top | € 15,000 | |
| 2201001.04 | Axis Baile Munna | € 7,500 | |
| 2201001.02 | Amharclann Ghaoth Dobhair | € 2,600 | |
| 2201001.11 | Graffiti Theatre Company | € 8,700 | |
| 2201001.09 | Ériu | € 10,000 | |
| 2201001.01 | Aisteoirí Bhréanainn | € 3,000 | |
| 2201001.17 | Splódar | € 7,500 | |
| 2201001.16 | Smidiríní Theatre C.I.C | | £ 4,000 |
| 2201001.06 | Cois Laoi Productions | € 7,200 | |
| 2201001.15 | Smashing Times International Centre for the Arts and Equality | € 14,700 | |

**Aguisín B: Achoimre ar dheontais 2022 faoin síneadh bliana ar Scéim na Foilsitheoireachta 2021 agus ar Scéim na dTionscadal Litríochta 2021 (Faofa Cruinniú Boird 11 Meitheamh 2021)**

| Scéim na Foilsitheoireachta 2021 (Síneadh bliana) | | |
|---|---|---|
| | **Ainm an deontaithe** | **Méid an deontais 2022** |
| 1 | Cló Iar-Chonnacht | € 193,230.00 |
| 2 | Futa Fata | € 94,546.00 |
| 3 | Leabhar Breac | € 72,832.00 |
| 4 | Coiscéim | € 125,749.00 |
| 5 | COMHAR | € 59,416.00 |
| 6 | Cumann na Sagart | € 32,433.00 |
| 7 | Éabhlóid | € 23,215.00 |
| 8 | Foilseacháin Ábhair Spioradálta | € 22,788.00 |
| 9 | An tSnáthaid Mhór | € 18,777.00 |
| 10 | Arlen House | € 15,591.00 |
| 11 | Oidhreacht Chorca Dhuibhne | € 10,242.00 |
| 12 | MLÓG | € 10,000.00 |
| 13 | Ponc Press | € 4,000.00 |
| | **Iomlán** | **€ 682,819.00** |

| Scéim na dTionscadal Litríochta 2021 (Síneadh bliana) | | |
|---|---|---|
| | **Ainm an deontaithe** | **Méid an deontais 2022** |
| 1 | IMRAM | € 42,000.00 |
| 2 | Gaelchultúr | € 27,000.00 |
| 3 | Móinín | € 9,000.00 |
| 4 | Éigse Éireann | € 8,000.00 |
| 5 | Áras Scríbhneoirí na hÉireann | € 4,800.00 |
| 6 | Young at Art | € 3,201.00 |
| 7 | Ó Bhéal | € 2,420.00 |
| 8 | Oidhreacht Chorca Dhuibhne | € 1,000.00 |
| | **Iomlán** | **€ 97,421.00** |

| Maoiniú Aon Uaire (Ar bhonn eisceachtúil) – Scéim na dTionscadal Litríochta 2022 | | |
|---|---|---|
| 1 | Roinn na Gaeilge, OÉG | € 2,245.00 |

**Aguisín C: Moladh faoi mhaoiniú breise 2022 Chlár na Leabhar Gaeilge a chur i dtreo Scéim na Foilsitheoireachta 2022**

| | Ainm an Deontaithe | Maoiniú Aon Uaire 2022 (Suas le) |
|---|---|---|
| 1 | Cló Iar-Chonnacht | € 10,000.00 |
| 2 | Futa Fata | € 10,000.00 |
| 3 | Leabhar Breac | € 10,000.00 |
| 4 | Coiscéim | € 10,000.00 |
| 5 | COMHAR | € 10,000.00 |
| 6 | Cumann na Sagart | € 10,000.00 |
| 7 | Éabhlóid | € 40,000.00 |
| 8 | Foilseacháin Ábhair Spioradálta | € 10,000.00 |
| 9 | An tSnáthaid Mhór | € 50,000.00 |
| 10 | Arlen House | € 30,000.00 |
| 11 | Oidhreacht Chorca Dhuibhne | € 25,000.00 |
| 12 | MLÓG | € 25,000.00 |
| 13 | Ponc Press | € 10,000.00 |
| | **Iomlán** | **€ 250,000.00** |

**Aguisín D: Moladh faoi mhaoiniú breise 2022 Chlár na Leabhar Gaeilge a dháileadh ar an Scéim Méantóireachta**

| | **Ábhar Scríbhneora** | **Meantóir Molta** | **Táille an Scríbhneora** | **Táille an Mheantóra** | **Costais an Scríbhneora** | **Costais an Mheantóra** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Fiona Crowe | Sadhbh Devlin | € 1,000.00 | € 2,500.00 | € 150.00 | € 350.00 |
| 2 | Adrian Ó Ceallaigh | Gearóid Mac Lochlainn | € 1,000.00 | € 2,500.00 | € 150.00 | € 350.00 |
| 3 | Sinéad Ní Chadhain | Tadhg Mac Dhonnagáin | € 1,000.00 | € 2,500.00 | € 150.00 | € 350.00 |
| 4 | Sláine Ní Chathalláin | Jo O'Donoghue | € 1,000.00 | € 2,500.00 | € 150.00 | € 350.00 |
| 5 | Dónall Mac Giolla Chóill | Philip Cummings | € 1,000.00 | € 2,500.00 | € 150.00 | € 350.00 |
| 6 | Ross Ó Colmáin | Ré Ó Laighléis | € 1,000.00 | € 2,500.00 | € 150.00 | € 350.00 |
| 7 | Ciarán Mac Fhearghusa | Áine Ní Ghlinn | € 1,000.00 | € 2,500.00 | € 150.00 | € 350.00 |
| 8 | Bart Bambury | Mícheál Ó Ruairc | € 1,000.00 | € 2,500.00 | € 150.00 | € 350.00 |
| 9 | Maria Ní Mhurchú | Alan Titley | € 1,000.00 | € 2,500.00 | € 150.00 | € 350.00 |
| 10 | Ava Ní Loingsigh | Ceaití Ní Bheildiúin | € 1,000.00 | € 2,500.00 | € 150.00 | € 350.00 |
| 11 | Seán Ó Cadhain | Anna Heussaff | € 1,000.00 | € 2,500.00 | € 150.00 | € 350.00 |
| 12 | Caomhán Ó Fátharta | Dermot Somers | € 1,000.00 | € 2,500.00 | € 150.00 | € 350.00 |
| 13 | Nóra Ní Mhurchú | Dairena Ní Chinnéide | € 1,000.00 | € 2,500.00 | € 150.00 | € 350.00 |
| 14 | Sibéal Ní Chonghaile | Darach Mac Con Iomaire | € 1,000.00 | € 2,500.00 | € 150.00 | € 350.00 |
| 15 | Caitríona Ní Laighin | Réaltán Ní Leannáin | € 1,000.00 | € 2,500.00 | € 150.00 | € 350.00 |
| | **Comh-ordaitheoir** | Réaltán Ní Leannáin | | € 1,000.00 | | € 350.00 |
| | | **Fo-iomlán** | € 15,000.00 | € 38,500.00 | € 2,250.00 | € 5,600 .00 |
| | | **Táillí Iomlána** | € 53,500.00 | | | |
| | | **Costais Iomlána** | € 7,850.00 | | | |
| | | **Buiséad Iomlán** | **€ 61,350.00** | | | |

**Miontuairiscí ón 196ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 29 Aibreán 2022 in Oifigí Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, BÁC 1 agus ar líne ar Zoom**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), K. Ó hEadhra, N. Ní Chiaráin agus L. Rushe

*Ar líne:* C. Mac Giolla Mhín, F. Nic Giolla Chatháin, D. Ó Brolcháin, M. Ní Chonghaile, L. Ní Riada agus I. Ó Dochartaigh

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), B. Mac Craith, S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí, L. Ní Fhaogáin agus K. Johnston.

**Leithscéalta:** C. McGuinness (Leas-Chathaoirleach), W. Majekodunmi agus D. Mac Cárthaigh

## 01.196 FÁILTE ÓN gCATHAOIRLEACH

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí chuig an gcruinniú.

Cuireadh fáilte roimh L. Ní Fhaogáin atá tar éis filleadh ar a ról in Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh. Gabhadh buíochas le K. Johnston agus le L. Ní Fhaogáin as a gcuid oibre agus iad ag plé leis an mBord.

Cuireadh in iúl go bhfuil córam ann don chruinniú inniu.

## 02.196 GNÓ AN CHATHAOIRLIGH

Thug an Cathaoirleach suntas do na nithe seo a leanas;

Gabhadh buíochas leis na Comhaltaí a chuir a n-ainmneacha chun cinn le bheith ar mheithleacha comhairleacha an Bhoird. Chuir an Cathaoirleach an moladh maidir le ballraíocht faoi bhráid an Bhoird agus ghlac an Bord leis;

Gabhadh buíochas le E. Ní Chorráin agus S. Ó hEidhin as bheith ag plé leis na meithleacha.

i) Tuairiscíodh gur ócáid fhiúntach a bhí san imeacht ar an 6 Aibreán 2022 a d'eagraigh an CATT do Chomhaltaí na bhForas Trasteorann.
ii) Cuireadh in iúl go mbeadh cruinniú ag an gCathaoirleach agus ag an bPríomhfheidhmeannach leis an Aire Oideachais ó dheas go luath.
iii) Tuairiscíodh go raibh cruinniú ag an gCathaoirleach agus ag an bhFeidhmeannas leis an Aire Pobal ó thuaidh, le hArd-Stiúrthóir RTÉ agus le Príomhfheidhmeannach na Comhairle Ealaíon ó dheas le déanaí.
iv) Rinneadh comhghairdeas le C. Mac Giolla Mhín as ócáid Cheiliúrtha an *Chiste Infheistíochta* a reáchtáil i mBéal Feirste. Tréaslaíodh leis as an obair atá déanta aige ag an gCiste Infheistíochta.
v) Cuireadh in iúl go bhfuil suirbhé agus agallaimh SWiFT 3000 ag dul ar aghaidh. Gabhadh buíochas le S. Ó hEidhin as an bpróiseas sin a reáchtáil.

vi) Cuireadh in iúl go mbeidh tábla ag Foras na Gaeilge ag Gradaim mhargaíochta *AIM* ar an 19 Bealtaine 2022 agus go mbeadh fáilte roimh Chomhaltaí Boird.

vii) Chuir an Cathaoirleach in iúl a rún roinnt ócáidí a eagrú:

a. Seimineár lae leis na móreagraíochtaí stáit ó thuaidh agus ó dheas san fhómhar chun an obair atá déanta, agus atá idir lámha, ag na heagraíochtaí sin i dtaobh na Gaeilge a phlé.
b. Seimineáir ar iriseoireacht na Gaeilge; agus
c. Cuairteanna ar na Bailte Seirbhíse Gaeltachta.

Chuir sí in iúl go gcuirfeadh sí pléchháipéis i láthair an Bhoird ag an gcéad chruinniú eile.

Chuir an Cathaoirleach aiseolas i láthair ón seisiún gan Fheidhmeannas.

## 03.196 MIONTUAIRISCÍ AN CHRUINNITHE BOIRD 11 MÁRTA 2022

Iarradh mionleasú cló ar Mhír **11.195 AON GHNÓ EILE** de na miontuairiscí.

Glacadh leis na miontuairiscí den 11 Márta 2022.

## 04.196 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ

Ní raibh aon ní ag éirí as na miontuairiscí.

## 05.196 BAOL COIMHLINTÍ LEASA

Cuireadh in iúl go bhfuil baol coimhlinte leasa ag D. Ó Brolcháin maidir leis an moladh faoi Scéim d'Ionaid Phobail Ghaeilge 2022-2023.

## 06.196 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Tagraíodh do na ceisteanna seo a leanas: an Fóram Forbartha Teanga; *Creidim Ionat*; agus na cruinnithe leis an gComhairle Ealaíon ó dheas agus RTÉ.

Glacadh le Tuairisc na hArdbhainistíochta.

## 07.196 TUAIRISCÍ Ó CHOISTÍ AN BHOIRD

### e) Coiste na nDeontas

*Scéim na gCampaí Samhraidh 2022*
D'fhaomh an Bord maoiniú ar luach €178,088.19 do 82 deontaí faoi Scéim na gCampaí Samhraidh 2022 [**féach Aguisín A**].

*Scéim na bhFéilte 2022*
D'fhaomh an Bord maoiniú ar luach €115,031.82 do 47 deontaí faoi Scéim na bhFéilte 2022 [**féach Aguisín B**].

*Clár na Leabhar Gaeilge – Lá Domhanda na Leabhar 2022*
D'fhaomh an Bord maoiniú €10,000 don fhoilsitheoir *Futa Fata* as an eagrán speisialta den leabhar *Cluasa Capaill ar an Rí* a sholáthar do Lá Domhanda na Leabhar 2022.

**f) An Coiste Forbartha**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Forbartha. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas: An comhairliúchán ar Phlean Corparáideach Fhoras na Gaeilge; agus an luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta.

**D'fhág D. Ó Brolcháin an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlinte leasa.**

*Treoirlínte: An Scéim d'Ionaid Phobail Ghaeilge 2022-2023*

Pléadh moladh an Choiste i leith na scéime. Bhí plé cuimsitheach ann ar threoirlínte agus chritéir na scéime.

**D'fhág F. Nic Giolla Chatháin an cruinniú de bharr deacrachtaí teicneolaíochta.**

Ardaíodh ceist maidir le grúpaí nach bhféadfaí iarratas a dhéanamh, as siocair go mbíonn maoiniú ar fáil acu cheana féin trí scéimeanna eile, agus bhí plé fada ar an gceist agus réimse leathan tuairimí léirithe.

**D'fhill F. Nic Giolla Chatháin ar an gcruinniú ag an bpointe seo.**

Tar éis plé fada, ghlac an Bord, trí vóta, leis an rún seo a leanas i leith na scéime:

"Faomhadh a thabhairt don scéim agus na critéir mar atá siad leagtha amach sa cháipéis a cuireadh faoi bhráid an Choiste Forbartha".

D'fhaomh an Bord na treoirlínte, dá réir.

**D'fhill D. Ó Brolcháin ar an gcruinniú ag an bpointe seo.**

**D'fhág M. Ní Chonghaile, C. Mac Giolla Mhín agus L. Ní Riada an cruinniú ag an bpointe seo.**

**g) An Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Osradhairc.

**h) An Coiste Iniúchta**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Iniúchta. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- iv) Rinneadh plé ar Dhréacht-Chuntais 2021. Moladh S. Ó hEidhin agus M. Ní Chéadagáin as an obair ar fad a rinne siad féin agus an fhoireann ar na cuntais.
- v) Tuairscíodh go bhfuil Cuntais 2020 tagtha ar ais ón Ardreachtaire agus go bhfuiltear sásta leo.
- vi) Nótáladh tuairisc an Iniúchóra Inmheánaigh maidir le cúrsaí soláthar.

Cuireadh an Clár Rioscaí faoi bhráid an Bhoird agus ghlac an Bord leis.

**Glacadh sos 15 nóiméad ag an bpointe seo.**

**D'fhill na comhaltaí agus na baill foirne seo a leanas ar an gcruinniú tar éis an tsosa:**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), N. Ní Chiaráin agus L. Rushe

*<u>Ar líne:</u>* D. Ó Brolcháin, L. Ní Riada agus I. Ó Dochartaigh

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), B. Mac Craith, S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí, L. Ní Fhaogáin agus K. Johnston.

**08.196 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 MÁRTA 2022**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais i láthair an Bhoird.

Ghlac an Bord leis an Ráiteas Caiteachais.

Tuairiscíodh go bhfuil Cuntais 2020 tagtha ar ais ón Ardreachtaire ó thuaidh agus ó dheas.

Cuireadh in iúl go síneofaí Cuntais an Fhorais Teanga le Gníomhaireacht na hUltaise go luath.

Nótáil an Bord Dréacht-Chuntais 2021.

Rinneadh comhghairdeas le S. Ó hEidhin agus leis an Rannóg Airgeadais as an obair ar fad a rinne siad ar na cuntais.

Iarradh go dtiomsófaí féilire don Bhord maidir leis na cuntais.

**D'fhill K. Ó hEadhra ar an gcruinniú ag an bpointe seo.**

**09.196 CUR I LÁTHAIR AR RÉIMSÍ FÉIDEARTHA COMHOIBRITHE LE hÚDARÁS NA GAELTACHTA**

Rinne an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha cur i láthair ar na réimsí comhoibrithe féideartha le hÚdarás na Gaeltachta.

Iarradh go gcuirfí cóip den chur i láthair ar fáil do na Comhaltaí Boird ar Decision Time.

Rinneadh plé ar roinnt ceisteanna ag éirí as an gcur i láthair:
- Dearbhú torthaí ó scéimeanna Fhoras na Gaeilge sa Ghaeltacht;
  Go mbeadh réamhchruinniú roimh an gComh-Chruinniú den dá Bhord ag an Oireachtas i mí na Samhna; agus
- Gurbh fhiú plean comhoibrithe straitéiseach idir Foras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta a fhorbairt.

Moladh go dtiocfadh grúpa de chomhaltaí a bhfuil spéis acu sa cheist le chéile roimh Chruinniú Boird mhí na Samhna chun féidearthachtaí maidir le comhoibriú le hÚdarás na Gaeltachta a phlé.

Gabhadh buíochas leis an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha as an gcur i láthair.

**10.196 COMHFHREAGRAS**

Ní raibh aon ní le plé faoin mír seo.

**11.196 AON GHNÓ EILE**

Ardaíodh ceist an féidir an clár Decision Time a úsáid ar uirlis eile, seachas ar iPad Fhoras na Gaeilge amháin. Deimhníodh gur féidir trí cheangal le Decision Time ar an idirlíon.

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**24 Meitheamh 2022**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2022**

| | 21/01/ 2022 | 11/03/ 2022 | 29/04/ 2022 | 24/06/ 2022 | 16/09/ 2022 | 04/11/ 2022 | 16/12/ 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| C. McGuinness | ✓ | X | X | | | | |
| K. Ó hEadhra | X | ✓ | ✓ | | | | |
| D. Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| L. Rushe | X | ✓ | ✓ | | | | |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| I. Ó Dochartaigh | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| W. Majekodunmi | ✓ | X | X | | | | |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| M. Ní Chonghaile | X | ✓ | ✓ | | | | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| L. Ní Riada | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | ✓ | X | | | | |

## Aguisín A: Moltaí Maoinithe faoi Scéim na gCampaí Samhraidh 2022

| Uimh. Thag. | Ainm an Eagrais | Méid Molta | Méid Molta £stg |
|---|---|---|---|
| 2201003.40 | Cumann Galach Leath Chathail | | £1,750.00 |
| 2201003.07 | Cairde Bhunscoil an Traonaigh | | £1,750.00 |
| 2201003.57 | Glór na Móna | | £1,750.00 |
| 2201003.22 | Club Óige Luraigh | | £1,750.00 |
| 2201003.25 | CnaG Boirche Iochtair | | £1,750.00 |
| 2201003.21 | CLG Sleacht Néill | | £1,750.00 |
| 2201003.39 | Cumann Gaelach an Ceathru Gaeltachta | | £1,750.00 |
| 2201003.01 | Ag Tógáil Cláinne le Gaeilge | | £1,750.00 |
| 2201003.09 | Cairde Teo | | £1,750.00 |
| 2201003.59 | Glór Uachtar Tíre | | £1,750.00 |
| 2201003.08 | Cairde na Gaelscoile | | £1,750.00 |
| 2201003.37 | Cultúrlann Mc Adam O Fiach | | £1,750.00 |
| 2201003.38 | Cumann Culturtha Mhic Reachtainn | | £1,750.00 |
| 2201003.41 | Cumann Óige Atha an Rí | €2,500.00 | |
| 2201003.42 | Cumann Oige na bhFál | | £1,750.00 |
| 2201003.54 | Glór An Ghleanna (Cumann Óige an Ghleanna) | | £1,750.00 |
| 2201003.12 | Campa Chormaic an Iúir | | £1,750.00 |
| 2201003.16 | Campa Chormaic Iarthar Thir Eoghain | | £1,750.00 |
| 2201003.27 | Coiste Champa Chormaic | | £1,750.00 |
| 2201003.29 | Coiste Forbartha Charn Tochair | | £1,750.00 |
| 2201003.48 | Gaelscoil Áine | €2,500.00 | |
| 2201003.44 | Feachtas Ó-Ghluaiseacht Gaeilge | €2,500.00 | |
| 2201003.51 | Glóir Mhachaire Fíolta | | £1,750.00 |
| 2201003.52 | Glóir na Spéiríní | | £1,750.00 |
| 2201003.71 | Naíonra an tSléibhe Dhuibh | | £1,750.00 |
| 2201003.73 | Naíscoil an tSléibhe Dhuibh | | £1,750.00 |
| 2201003.28 | Coiste Champa Chormaic | | £1,750.00 |
| 2201003.14 | Campa Gaeilge Chorcaí | €1,450.00 | |
| 2201003.43 | Cumann Oige Ui Dhochartaigh | | £1,750.00 |
| 2201003.76 | Ógras an Omaí | | £1,750.00 |
| 2201003.77 | Pobal ar a Iul | | £1,750.00 |
| 2201003.31 | Coláiste Bhlinne | | £1,750.00 |
| 2201003.55 | Glór Dun Geimhin | | £1,750.00 |
| 2201003.04 | An Droichead (B) | | £1,745.00 |
| 2201003.10 | Cairde Uí Néill | | £1,750.00 |
| 2201003.30 | Coiste Ghaeloideachas Chromghlainne | | £1,750.00 |
| 2201003.69 | Na Gaeil Óga | €2,500.00 | |
| 2201003.45 | Gaeilge Locha Riach (1) | €2,500.00 | |
| 2201003.56 | Glór na Maoile | | £1,750.00 |
| 2201003.11 | Cairdeas Kilmovee FRC | €2,500.00 | |
| 2201003.19 | CLG Bhaile an Bhuadáin Naomh Eanna | €1,625.00 | |
| 2201003.23 | Club Oige Setanta | | £1,750.00 |
| 2201003.24 | Club Spraoi | | £1,750.00 |
| 2201003.66 | Lecanvey Community Centre | €2,200.00 | |
| 2201003.75 | Naíscoil na Caille | | £1,750.00 |
| 2201003.13 | Campa Chormaic Dhoire | | £1,750.00 |
| 2201003.20 | CLG Mungarit/Naomh Pól | €2,500.00 | |
| 2201003.36 | Craobh Uileog De Búrca | €2,500.00 | |
| 2201003.60 | Home Hub Belfast CIC 1 | | £1,750.00 |
| 2201003.65 | Kileen National School | €2,500.00 | |
| 2201003.78 | Scoil Náisiúnta Baile Mór | €2,140.00 | |
| 2201003.79 | Spraoi agus Spoirt Family Ctr | €2,500.00 | |
| 2201003.49 | Gaelscoil an Chaistil | | £1,750.00 |
| 2201003.64 | Ionad Uíbh Eachach | | £1,750.00 |
| 2201003.17 | Carnew Training & Consultancy | €2,500.00 | |
| 2201003.70 | Na Sáirsealaigh Leamhcán | €2,330.00 | |
| 2201003.72 | Naíonra Léim an Bhradáin | €2,284.00 | |
| 2201003.81 | Cumann an Phiarsaigh | €2,500.00 | |
| 2201003.68 | Mayobridge Youth Club | | £1,750.00 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2201003.74 | Naíscoil na Banna | | £1,750.00 |
| 2201003.33 | Coláiste na Tuchann | €2,500.00 | |
| 2201003.50 | Gaelscoil Eirne | €2,500.00 | |
| 2201003.80 | Waterford Harbour Sailing Club | €2,500.00 | |
| 2201003.18 | Ceoltóirí Munna | €2,500.00 | |
| 2201003.02 | An Cumann Gaelach, Muineachán | €1,740.00 | |
| 2201003.06 | C.L.G. Fhine Ghallainn | €2,500.00 | |
| 2201003.26 | Cois Laoi Productions | €2,500.00 | |
| 2201003.67 | Malin Head Community Centre | €2,440.00 | |
| 2201003.62 | Ioga agus Spraoi 2 | €2,500.00 | |
| 2201003.34 | Conradh na Gaeilge - KETNS | €2,500.00 | |
| 2201003.15 | CAMPA GAEL | €2,500.00 | |
| 2201003.05 | An Gaeláras LTD | | £1,750.00 |
| 2201007.01 | Ógras Nás na Ríogh | €2,000.00 | |
| 2201007.03 | Campa Ógras Marino | €2,105.00 | |
| 2201007.04 | Campa Ógras Léim an Bhradáin | €2,040.00 | |
| 2201007.05 | Campa Og Ógras Baile na Manach | €2,040.00 | |
| 2201007.06 | Campa Ogras Bhaile Uí Thaidhg | €2,330.00 | |
| 2201007.07 | Campa Ógras Bhaile an Mhuileann | €2,280.00 | |
| 2201007.08 | Campa Ogras Thrá Lí | €2,330.00 | |
| 2201007.09 | Campa Ógras Gaelscoil Mhic Amhlaigh | €2,280.00 | |
| 2201007.10 | Campa Ogras Tamhlacht | €2,255.00 | |
| 2201007.11 | Campa Ogras Dún Dealgan | €2,225.00 | |

| | | |
|---|---|---|
| Iomlán | €90,594.00 | £ 75,245.00 |
| **Iomlán € & £** | **€ 178,088.19** | |

## Aguisín B: Moltaí Maoinithe faoi Scéim na bhFéilte 2022

| Uimhir Thagartha | Ainm an Eagrais | Ainm an Tionscadail | Costas Iomlán € | Méid Iarrtha € | Méid Molta € | Costas Iomlán £ | Méid Iarrtha £ | Méid Molta £ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2201006.05 | Baboró International Arts Festival | Baboró International Arts Festival for children | €40,715.00 | €5,000.00 | €3,800.00 | | | |
| 2201006.29 | Gaeilge Locha Riach | Féile Raifteirí | €5,800.00 | €4,500.00 | €3,500.00 | | | |
| 2201006.25 | Féile Scéalaíochta na Glaise | Féile Scéalaíochta na Glaise | €7,810.00 | €3,905.00 | €3,100.00 | | | |
| 2201006.26 | Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR | Féile Chois Fharraige | €18,700.00 | €5,000.00 | €3,900.00 | | | |
| 2201006.34 | Glór Uachtar Tíre | An Scoil Samhraidh Shéamuis Uí Néill 2022 | | | | £6,255.00 | £3,500.00 | £2,800.00 |
| 2201006.02 | An Droichead | Féile An Droichead 2022 | | | | £16,430.00 | £3,500.00 | £2,800.00 |
| 2201006.41 | Líonra Leitir Ceanainn | Féile an fhómhair | €8,150.00 | €5,000.00 | €3,900.00 | | | |
| 2201006.11 | Coiste Forbartha Charn Tóchair | Féile Charn Tóchair | | | | £15,195.00 | £3,190.00 | £2,500.00 |
| 2201006.27 | Forbairt Dhún Lúiche | Féile an Earagail | €12,500.00 | €5,000.00 | €3,900.00 | | | |
| 2201006.09 | Centre for Irish-German Studies, University of Limerick | Féile Dánnerstag: Tionscadal Gaeilge-Gearmáinis | €3,200.00 | €3,200.00 | €2,500.00 | | | |
| 2201006.23 | Féile Liteartha Chorca Dhuibhne 2022 | Féile Liteartha Chorca Dhuibhne 2022 | €60,337.00 | €5,000.00 | €3,900.00 | | | |
| 2201006.16 | Cultúrlann McAdam Ó Fiaich | Fleadh Feirste | | | | £13,930.00 | £3,500.00 | £2,800.00 |
| 2201006.30 | Gael Forbairt na Gaillimhe | Féile Ceol Gaeltachta na hÉirinn | €8,000.00 | €5,000.00 | €3,900.00 | | | |
| 2201006.33 | Glór na Móna | Féile na Carraige 22 | | | | £8,570.00 | £3,500.00 | £2,800.00 |
| 2201006.18 | Cumann na Gaeltachta | Tumsheachtain Samhraidh na Gaeltachta | €7,500.00 | €1,000.00 | €700.00 | | | |
| 2201006.45 | Ollscoil Uladh (Éigse Loch Lao) | Éigse Loch Lao | | | | £4,500.00 | £3,500.00 | £2,300.00 |
| 2201006.53 | University of Limerick | Blas International Summer School of Traditional Music and Dance | €28,450.00 | €5,000.00 | €3,300.00 | | | |
| 2201006.01 | Alltar | Alltar @ Body & Soul | €35,000.00 | €5,000.00 | €3,300.00 | | | |
| 2201006.42 | Muintir Chrónáin | Seó Beo | €17,800.00 | €5,000.00 | €3,300.00 | | | |
| 2201006.48 | Pobal ar a'n Iúl | Féile Pheadair Joe | | | | £4,825.00 | £3,500.00 | £2,300.00 |
| 2201006.07 | Cairde Dhroim na nDámh | Siúlóid Laindéar an Samhna - Féile sholais | | | | £12,235.00 | £3,500.00 | £2,300.00 |
| 2201006.19 | Féile Bhaile an Tóchair | Féile Bhaile an Tóchair | €12,000.00 | €2,725.00 | €1,800.00 | | | |
| 2201006.21 | Féile Ealaíon an Bhearna – The | The Gap Arts Festival/Féile | €20,230.00 | €4,130.00 | €2,700.00 | | | |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Gap Arts Festival | Ealaíon an Bhearna | | | | | | |
| 2201006.08 | Cairde Teo | Féile na Samhna | | | | £5,750.00 | £3,500.00 | £2,300.00 |
| 2201006.32 | Glór Cheatharlach | Féile an Fhómhair 2022 | €5,000.00 | €2,000.00 | €1,300.00 | | | |
| 2201006.04 | Aonach Mhacha | Camino Mhacha | | | | £20,225.50 | £3,500.00 | £2,300.00 |
| 2201006.40 | Junior Galway Film Fleadh (part of the Galway Film Fleadh) | Junior Galway Film Fleadh | €12,880.00 | €5,000.00 | €2,500.00 | | | |
| 2201006.03 | An Gaeláras Ltd | Páistí na Samhna | | | | £5,100.00 | £3,500.00 | £1,800.00 |
| 2201006.06 | Ballybunion Arts Festival/ Féile na hEalaíona Baile an Bhuinneánaigh | "Féile na hEalaíona Baile an Bhuinneánaigh | €9,675.00 | €5,000.00 | €2,500.00 | | | |
| 2201006.38 | Ionad Uíbh Eachach | Léargas | | | | £3,300.00 | £2,390.00 | £1,200.00 |
| 2201006.10 | Coiste Currachai An Spideal | Taispeántas de Húicéirí (Bad traidisiún) Feile an Spideal | €4,500.00 | €1,000.00 | €500.00 | | | |
| 2201006.46 | Pastime Chonamara | Féile Ealaíon, Imshaoil agus Ceardaíochta Indreabhán | €3,000.00 | €2,500.00 | €1,300.00 | | | |
| 2201006.12 | Coiste Ghaeloideachas Chromghlinne | Féile Lúnasa | | | | £5,000.00 | £3,500.00 | £1,800.00 |
| 2201006.14 | Comhlacht Forbartha Inis Meáin | Éigse Dara Beag | €14,250.00 | €5,000.00 | €2,500.00 | | | |
| 2201006.44 | Oidhreacht an Chláir | Éigse Thomáis Uí Aodha | €1,650.00 | €1,400.00 | €700.00 | | | |
| 2201006.52 | The Five Lamps Arts Festival | The Five Lamps Arts Festival | €100,000.00 | €4,000.00 | €2,000.00 | | | |
| 2201006.17 | Cumann Liam agus Thomais Uí Fhlaithearta | Féile na bhFlaithheartach 2022 | €2,300.00 | €1,200.00 | €600.00 | | | |
| 2201006.28 | Gaeil Ruairí Óg agus Gaeil na nGlinntí | Éigse na nGlinntí | | | | £6,550.00 | £3,500.00 | £1,800.00 |
| 2201006.43 | Na Gaeil Óga | Fulacht na nGael | €10,000.00 | €5,000.00 | €2,500.00 | | | |

**[ Tá faisnéis fágtha ar lár sa tábla thuas toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 6 agus 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise. ]**

| Moladh | |
|---|---|
| Buiséad Iomlán 2022 | €139,284.00 |
| Buiséad do Glaoch 2 | €101,071.67 |
| Iomlán Molta € | €63,900.00 |
| Iomlán Molta £ | £31,800.00 |
| Sterling > Euro | €36,976.74 |
| Iomlán Molta | €100,876.74 |
| Fuílleach | €194.93 |

| Incháilithe ach ceal buiséad | |
|---|---|
| Iomlán Molta € | €13,600.00 |
| Iomlán Molta £ | £645.00 |
| Sterling > Euro | €750.00 |
| Iomlán | €14,350.00 |
| Lúide fuílleach | €14,155.07 |

**Miontuairiscí ón 197ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 24 Meitheamh 2022 in Oifigí ÁIS, Dún Seachlainn, Co. na Mí**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), C. McGuinness (Leas-Chathaoirleach), K. Ó hEadhra, D. Mac Cárthaigh, N. Ní Chiaráin, L. Rushe, C. Mac Giolla Mhín, F. Nic Giolla Chatháin, D. Ó Brolcháin agus I. Ó Dochartaigh

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), B. Mac Craith, S. Ó hEidhin agus L. Ní Fhaogáin

**Leithscéalta:** M. Ní Chonghaile, W. Majekodunmi, L. Ní Riada agus J. Ó Labhraí

## 01.197 FÁILTE ÓN gCATHAOIRLEACH

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí chuig an gCruinniú Boird in oifigí ÁIS, Dún Seachlainn, Co. na Mí. Cuireadh in iúl go raibh córam ann don chruinniú inniu.

## 02.197 GNÓ AN CHATHAOIRLIGH

Thug an Cathaoirleach suntas do na nithe seo a leanas;

viii) Beidh cruinniú ag an bhfeidhmeannas agus ag an gCathaoirleach le hoifigigh sa Roinn Pobal ó thuaidh chun plé a dhéanamh ar an maoiniú ón Roinn Pobal a bheidh riachtanach le gur féidir an €700k a fógraíodh sna meastacháin ó dheas do bhuiséad bonnlíne Fhoras na Gaeilge do 2022 a bheith ar fáil.

ix) Cuirfear trí sheisiún oiliúna éagsúla ar fáil do na Comhaltaí Boird roimh dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2022.

x) Mhol an Cathaoirleach rún leasaithe do chlár an chruinnithe, ar iarratas ón gCoiste Forbartha, go gcuirfí mír bhreise le clár an chruinnithe maidir le bealach chun cinn ar an Luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta, agus go mbogfaí an mhír ar an gclár do thuairisc ón gCoiste Forbartha chun tosaigh sa chlár chuige sin. Ghlac an Bord leis an moladh.

xi) Tuairiscíodh go mbeadh L. Rushe i láthair an chruinnithe thart ar 12:00pm agus go mbeadh ar Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha an cruinniú a fhágáil ar 12:00pm.

xii) Rinneadh comhghairdeas le D. Mac Cárthaigh as ócáid chomórtha *Colmcille 1500* a eagrú in Óstaí an Rí ar an 9 Meitheamh 2022.

## 03.197 MIONTUAIRISCÍ AN CHRUINNITHE BOIRD 29 AIBREÁN 2022

Glacadh leis na miontuairiscí den 29 Aibreán 2022.

## 04.197 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ

Bhí na nithe seo a leanas ag éirí as na miontuairiscí;

i) Cuireadh an cruinniú leis an Aire Oideachais ó dheas siar go dtí an 29 Meitheamh 2022.

ii) Go mbeadh cur i láthair don Bhord ar chruinniú an lae inniu ar phróiseas faomhaithe na gcuntas.

iii) Cuirfear féilire d’ócáidí Gaeilge agus scéimeanna Fhoras na Gaeilge ar fáil don Bhord ar Decision Time go luath.

iv) Bhí glaoch gutháin ag an bPríomhfheidhmeannach le Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta le déanaí. Rinneadh plé ar na deiseanna comhoibrithe idir Foras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta.

Ardaíodh na ceisteanna seo a leanas;

i) Ó thaobh na hoibre i gcomhpháirt le hÚnaG de, fiosraíodh an bhféadfaí tús áite a thabhairt do na Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus do na ceantair féideartha líonraí ar imeall na Gaeltachta.
ii) Cuireadh in iúl go gcuirfí tús le meithleacha oibre an Bhoird san fhómhar.
iii) Tuairiscíodh go bhfuil an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha ainmnithe mar ionadaí Fhoras na Gaeilge ar an gCoiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge ó dheas.

## 05.197 BAOL COIMHLINTÍ LEASA

Cuireadh in iúl go bhfuil baol coimhlinte leasa ag D. Ó Brolcháin maidir leis an gcáipéis *Scéim d'Ionaid Phobail Ghaeilge*.

## 06.197 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Pléadh na pointí seo a leanas;

i) Cuirí chuig Comhaltaí chuig ócáidí poiblí de chuid Fhoras na Gaeilge.
ii) Moladh go gcuirfí litir chomhghairdis chuig an *Dream Dearg* as an mórshiúl ar son na reachtaíochta Gaeilge ó thuaidh a reáchtáil.
iii) Maidir le cruinnithe le CLG agus CCÉ, luaigh comhaltaí liosta de nithe a d'fhéadfaí a phlé ar na cruinnithe leo.
iv) Polasaí cianoibre Fhoras na Gaeilge.
v) An maoiniú do *Duolingo* agus *NICILT*.
vi) Fógraíocht le linn chluichí CLG ar TG4 (agus RTÉ).

Glacadh le Tuairisc na hArdbhainistíochta.

Moladh go dtabharfaí cead tarmligin don Phríomhfheidhmeannach, faoi Mhír 3.1 den Scéim Tarmligin, le plé le maoiniú breise do Chonradh na Gaeilge i gcomhthéacs na reachtaíochta ó thuaidh agus ghlac an Bord leis.

Thug an Bord faomhadh de réir an Mheamraim Airgeadais athbhreithnithe do chonradh a dámhadh gan chomórtas don phróiseas comhairliúcháin ar an Phlean Corparáideach in 2021.

## 07.197 TUAIRISCÍ Ó CHOISTÍ AN BHOIRD

### i) Coiste na nDeontas

<u>*Scéim na nImeachtaí Óige 2022/ 2023*</u>
D'fhaomh an Bord maoiniú ar luach €393,133.67 do 95 deontaí faoi *Scéim na nImeachtaí Óige 2022/ 2023* [**féach Aguisín A**].

*Scéim Cholmcille 2022*
D'fhaomh an Bord maoiniú ar luach £28,706 do 5 dheontaí faoi *Scéim Cholmcille 2022* [**féach Aguisín B**].

*Maoiniú Tionscadal*
D'fhaomh an Bord maoiniú ar luach €175, 660 do 6 dheontaí faoin *Maoiniú Tionscadal* [**féach Aguisín C**].

**D'fhág D. Ó Brolcháin an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlinte leasa.**

*Scéim d'Ionaid Phobail Ghaeilge*
Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha cuntas ar staid reatha an phróisis iarratas don Scéim. Tugadh suntas don líon íseal iarratas ó iarrthóirí ó dheas (4) i gcomparáid leis an líon ó iarrthóirí ó thuaidh (13).

Rinneadh an moladh seo a leanas agus ghlac an Bord leis:

- go ndéanfaí cead a tharmligean don Phríomhfheidhmeannach faoi Mhír 3.1 den Scéim Tarmligin, faoi réir moladh ó Choiste na nDeontas, torthaí phróiseas measúnaithe na n-iarratas don *Scéim d'Ionaid Phobail Ghaeilge* a fhaomhadh.

**D'fhill D. Ó Brolcháin ar an gcruinniú ag an bpointe seo.**

**j) An Coiste Forbartha**
Thug ball den Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste.

**Glacadh sos 15 nóiméad ag an bpointe seo.**

Ar an ábhar nach raibh Cathaoirleach ná Leas-Chathaoirleach an Choiste Forbartha i láthair, chuir I. Ó Dochartaigh an cháipéis *Roghanna i leith Luacháil ar an Chur Chuige Comhpháirtíochta don Choiste Forbartha* faoi bhráid an Bhoird. Phléigh na Comhaltaí Boird na roghanna maidir le bealach chun cinn ar an luacháil ina dhá ngrúpa.

**Tháinig L. Rushe i láthair an chruinnithe ag an bpointe seo.**

**D'fhág B. Mac Craith an cruinniú ag an bpointe seo.**

Socraíodh go nglacfaí le Rogha 3 (Rogha 3 – Cur chuige laghdaithe bunaithe ar an aiseolas as an bplé leis an gcomhlacht ba dhéanaí ar pléadh an luacháil leo). Aontaíodh na nithe seo a leanas:

- go dtabharfaí faoin Luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta trí chur chuige céimithe a luaithe agus ab fhéidir;
- go dtabharfaí tosaíocht do thuairimí an phobail; agus
- go gcloífí go docht leis na leasuithe agus na modhanna leis an rogha a chur i bhfeidhm a bhí molta ar Lgh. 9 & 10 den phlécháipéis.

Iarradh go leanfaí d'fhiosrú maidir le Rogha 2 (Institiúid Taighde agus Pleanála Gaeilge a bhunú).

Aontaíodh gur ghá cruinniú aon-mhíre den Bhord chun faomhadh a thabhairt d'aon athrú ar na sonraí mar a bhí leagtha amach sa phlécháipéis le haghaidh Rogha 3.

**k) An Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Osradhairc.

Bhí plé fada ann maidir leis na socruithe reatha le comhfhreagras a chur ar fáil don Bhord.

Ar mholadh ón Leas-chathaoirleach, cinneadh go nglacfaí na céimeanna seo a leanas maidir le comhfhreagras a n-iarrfaí a údar é a bheith curtha faoi bhráid an Bhoird:

1. Beidh nóta le cur chuig Comhaltaí Boird le cáipéisí an Bhoird nuair a fhaightear litir mar seo a chuireann in iúl údar na litreach.
2. Cuirfear cóip den litir, de réir mar is cuí, ar fáil don Choiste Osradhairc.
3. Pléifidh an Coiste Osradhairc ábhar na litreach, agus cé acu ba chóir cóip den litir a chur faoi bhráid an Bhoird nó nár chóir. Beidh aird ag an gCoiste Osradhairc agus cinneadh á dhéanamh ar na nithe seo a leanas:
    a. Ról straitéiseach an Bhoird agus ról oibríochtúil na foirne;
    b. Ceisteanna a bhfuil cinneadh déanta ina leith cheana féin;
    c. Cásanna dlí;
    d. Cúrsaí pearsanra;
    e. RGCS;
    f. Cásanna a bhaineann le maoiniú; agus
    g. Ceisteanna atá sannta go sonrach don Phríomhfheidhmeannach (fostaíocht agus foireann).

4. Cuirfidh Cathaoirleach an Choiste Osradhairc mír ina nóta don Bhord i leith na litreach, a chuimseoidh achoimre ar ábhar na litreach, agus an dóigh a bhfuiltear ag brath plé leis an litir.
5. Clárófar an litir, agus a húdar, agus achoimre ar a hábhar ar chlár litreach ar Decision Time.
6. Beidh deis ag Comhaltaí, ar mhian leo radharc a bheith acu ar an litir, sin a dhéanamh trí chuairt a thabhairt ar an oifig chuí nó trí radharc a fháil ar an litir ar scáileán trí Zoom ach sin faoi réir dlí nó comhairle dlí (cásanna dlí, RGCS srl...).

D'iarr K. Ó hEadhra go nótálfaí sna miontuairiscí nach raibh sé i bhfabhar an chur chuige mholta.

**l) Coiste Cholmcille**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú de Choiste Cholmcille.

Rinneadh comhghairdeas le D. Mac Cárthaigh as ócáid *Colmcille 1500* a eagrú in Óstaí an Rí ar an 9 Meitheamh 2022.

Fiosraíodh an bhféadfaí cruinniú den Bhord a shocrú i nGlaschú agus comhchruinniú a bheith ann le Bòrd na Gàidhlig.

Fiosraíodh an bhféadfaí ócáid cheiliúrtha a shocrú ar oíche Burns, le haistriúcháin Ghaeilge ar dhánta de chuid Burns.

**m) An Coiste Iniúchta**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Iniúchta.

Cuireadh an clár riosca i láthair an Bhoird agus glacadh leis.

## 08.197 PLEAN CORPARÁIDEACH 2023-2025

Cuireadh an dréacht de Phlean Corparáideach 2023-2025 faoi bhráid an Bhoird.

Tuairiscíodh go bhfuil treoir le teacht ón dá Roinn maidir le codanna den Phlean.

Ardaíodh na ceisteanna seo a leanas;

i) A1:2 – Iarradh go luafaí go sonrach go mbeadh polasaí tionchair ann maidir le teanga eile seachas an Béarla (& an Ghaeilge i nGaelscoileanna) mar chuid éigeantach sa churaclam TGMO.

Cuireadh in iúl go mbeadh fáilte roimh mholtaí breise maidir leis an bPlean Corparáideach faoin Aoine, 1 Iúil 2022.

Tuairiscíodh go gcuirfí an Plean faoi bhráid na Ranna, agus go dtiocfadh dréacht leasaithe faoi bhráid an Bhoird arís ar an 16 Meán Fómhair lena fhaomhadh.

Ghlac an Bord leis an bPlean Corparáideach.

## 09.197 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 BEALTAINE 2022

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais i láthair an Bhoird.

Ghlac an Bord leis an Ráiteas Caiteachais.

Cuireadh amlíne phróiseas na gcuntas i láthair an Bhoird.

## 10.197 COMHFHREAGRAS

Ní raibh aon ní le plé faoin mír seo.

## 11.197 AON GHNÓ EILE

Iarradh go gcinnteofaí go bhfuil an t-eolas i leith Comhaltaí Boird ar shuíomh idirlín Fhoras na Gaeilge cothrom le dáta agus cruinn.

Tuairiscíodh go bhfuil dhá iarratas ar achomharc tagtha agus go ndéanfaí cruinniú den Choiste Achomhairc a ghairm go luath chun an dá iarratas sin a phlé.

Regina Uí Chollatáin

______________________

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**16 Meán Fómhair 2022**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2022**

| | 21/01/ 2022 | 11/03/ 2022 | 29/04/ 2022 | 24/06/ 2022 | 16/09/ 2022 | 04/11/ 2022 | 16/12/ 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| C. McGuinness | ✓ | X | X | ✓ | | | |
| K. Ó hEadhra | X | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| D. Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| L. Rushe | X | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| I. Ó Dochartaigh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| W. Majekodunmi | ✓ | X | X | X | | | |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| M. Ní Chonghaile | X | ✓ | ✓ | X | | | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | |
| L. Ní Riada | ✓ | ✓ | ✓ | X | | | |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | ✓ | X | ✓ | | | |

**Aguisín A: Moltaí Maoinithe faoi Scéim na nImeachtaí Óige 2022/ 2023**

| Uimh. Thag. | Ainm an Deontaí | € Iomlán Molta | £ Iomlan Molta |
|---|---|---|---|
| 2201011.01 | An Droichead 1 | | £ 3,469.44 |
| 2201011.02 | An Droichead 2 | | £ 3,446.96 |
| 2201011.03 | An Gaeláras 1 | | £ 3,500.00 |
| 2201011.04 | An Gaeláras 2 | | £ 3,500.00 |
| 2201011.05 | An Grúpa Tuismitheoirí agus Tachráin | | £ 3,500.00 |
| 2201011.06 | Aonach Mhacha | | £ 3,400.00 |
| 2201011.07 | Áras Inis Gluaire | €4,980.00 | |
| 2201011.08 | Bardic Education Arts and Media (BEAM) | | £ 3,940.00 |
| 2201011.09 | Cairde Teo | | £ 3,500.00 |
| 2201011.10 | Cairde Ui Néill | | £ 3,500.00 |
| 2201011.11 | Campa Gaeilge Chorcaí | €1,450.00 | |
| 2201011.12 | CLG Laochra Loch Lao 1 | | £ 3,500.00 |
| 2201011.13 | CLG Laochra Loch Lao 2 | | £ 3,500.00 |
| 2201011.14 | Club na nÓg Buiríos Uí Chéin | €2,000.00 | |
| 2201011.15 | Club Óige Feachtas Baile Brigín | €4,030.00 | |
| 2201011.16 | Club Óige Feachtas Baile Lotráil | €4,680.00 | |
| 2201011.17 | Club Óige Feachtas Tamhlacht | €4,850.00 | |
| 2201011.18 | Club Óige Luraigh | | £ 3,500.00 |
| 2201011.19 | Club Óige Setanta | | £ 3,500.00 |
| 2201011.20 | Club Spraoi | | £ 3,500.00 |
| 2201011.21 | Coiste Forbartha Charn Tóchair | | £ 3,500.00 |
| 2201011.22 | Coiste Ghaeloideachas Chromghlinne | | £ 3,500.00 |
| 2201011.23 | Coiste na dTuistí Gaelscoil Áine | €5,000.00 | |
| 2201011.24 | Coláiste Naomh Ciarán | | £ 2,002.00 |
| 2201011.25 | Comhluadar Luimnigh | €5,000.00 | |
| 2201011.26 | Conradh na Gaeilge an tAonach | €5,000.00 | |
| 2201011.27 | Conradh na Gaeilge Boirche Íochtar 1 | | £ 3,500.00 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2201011.28 | Conradh na Gaeilge Boirche Íochtar 2 | | £ 3,500.00 |
| 2201011.29 | Cultúrlann Mac Adam Ó Fiaich | | £ 3,500.00 |
| 2201011.30 | Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain | | £ 3,500.00 |
| 2201011.31 | Cumann Gaelach na Ceathrún Gaeltachta | | £ 3,500.00 |
| 2201011.32 | Cumann na hEalaíona 1 | | £ 3,500.00 |
| 2201011.33 | Cumann na hEalaíona 2 | | £ 3,500.00 |
| 2201011.34 | Cumann Óige Atha an Rí | €4,900.00 | |
| 2201011.35 | Cumann Óige na bhFál | | £ 3,500.00 |
| 2201011.36 | Cumann óige Uachtar Chluanaí | | £ 3,500.00 |
| 2201011.37 | Cumann Óige Uí Dhochartaigh | | £ 3,500.00 |
| 2201011.38 | East Belfast Mission 1 | | £ 3,500.00 |
| 2201011.40 | Fóram na nÓg | | £ 3,500.00 |
| 2201011.41 | Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn | €1,280.00 | |
| 2201011.42 | Gaeil Ruairí Óg agus Gaeil na nGlinntí | | £ 3,500.00 |
| 2201011.43 | Gaelphobal Ard Mhacha Theas | | £ 1,770.00 |
| 2201011.44 | Gaelscoil an Chaistil | | £ 2,094.00 |
| 2201011.45 | Glór an Ghleanna 1 | | £ 3,500.00 |
| 2201011.46 | Glór an Ghleanna 2 | | £ 3,500.00 |
| 2201011.47 | Glór Mhachaire Fíolta | | £ 3,500.00 |
| 2201011.48 | Glór na Maoile | | £ 3,500.00 |
| 2201011.49 | Glór na Móna | | £ 3,500.00 |
| 2201011.50 | Glór na Speiríní | | £ 3,500.00 |
| 2201011.51 | Glór Uachtar Tíre 1 | | £ 3,500.00 |
| 2201011.52 | Glór Uachtar Tíre 2 | | £ 3,500.00 |
| 2201011.53 | Greencastle Youth Club | | £ 3,500.00 |
| 2201011.54 | Ionad Uíbh Eachach | | £ 3,500.00 |
| 2201011.55 | Learn le Grá | €3,840.00 | |
| 2201011.56 | Líonra Leitir Ceanainn | €4,905.00 | |
| 2201011.57 | Na Gaeil Óga | €5,000.00 | |
| 2201011.58 | Naíscoil Bheanna Boirche | | £ 3,500.00 |
| 2201011.59 | Naíscoil na Caille | | £ 3,500.00 |
| 2201011.60 | Ógras na hÓmaí | | £ 3,500.00 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2201011.61 | Rathlin Development and Community Association | | £ 3,500.00 |
| 2201011.62 | Scoil Ghramadaí Naomh Iósaef, Domhnach Mór 1 | | £ 3,500.00 |
| 2201011.63 | Scoil Ghramadaí Naomh Iósaef, Domhnach Mór 2 | | £ 3,500.00 |
| 2201011.64 | Scoil na Fuiseoige 1 | | £ 3,500.00 |
| 2201011.65 | Scoil na Fuiseoige 2 | | £ 3,500.00 |
| 2201011.66 | Spraoi agus Spórt Ltd | €5,000.00 | |
| 2201011.67 | Tummery Primary School | | £ 3,500.00 |
| 2201011.68 | Young at Art | | £ 3,500.00 |
| 2201012.01 | 1. Ógras Nás na Ríogh<br>2. Óg-Ógras Nás na Ríogh | €4,519.00 | |
| 2201012.02 | 1. Óg-Ógras Tír Mocháin<br>2. Ógras Maigh Nuad | €4,160.00 | |
| 2201012.03 | 1. Ógras Léim an Bhradáin<br>2. Óg-Ógras Léim an Bhradáin | €4,955.00 | |
| 2201012.04 | Club na nÓg an Chabhán<br><br>Club Ógras Dún Dealgan | €4,715.00 | |
| 2201012.05 | Club Óg-Ógras Bhaile an Mhuilinn agus Club Thrá Lí | €4,075.00 | |
| 2201012.06 | Club Óg-Ógras Lios Tuathail agus Club Bhaile Uí Thaidhg | €4,075.00 | |
| 2201012.07 | Club Óg-Ógras na Bánóige agus Club Uí Ríordáin | €4,075.00 | |
| 2201012.08 | Óg Ógras Gaelscoil Dara<br>Óg Ógras Orán Mhór | €4,465.00 | |
| 2201012.09 | Óg-Ógras Marino<br>Óg-Ógras Inse Chór | €3,990.00 | |
| 2201012.10 | Óg-Ógras Mhic Amhlaigh / Óg-Ógras Foghlaim le Chéile, Coláiste na Coiribe | €5,000.00 | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2201012.11 | Óg-Ógras Mionlach<br>Ógras Bhaile Róba | €4,065.00 | |
| 2201012.12 | Óg-Ógras Naithí<br>Óg-Ógras Raghnallach | €3,990.00 | |
| 2201013.01 | An Cabhán | €4,809.00 | |
| 2201013.02 | An tAonach | €3,975.00 | |
| 2201013.03 | An Uaimh | €4,305.00 | |
| 2201013.04 | Ath an Rí | €4,809.00 | |
| 2201013.05 | Ath Luain | €4,515.00 | |
| 2201013.06 | Baile Brigín | €5,025.00 | |
| 2201013.07 | Baile Loch Riach | €4,305.00 | |
| 2201013.08 | Béal Easa | €4,305.00 | |
| 2201013.09 | Caisleán Cnucha | €4,305.00 | |
| 2201013.10 | Ceatharlach | €4,335.00 | |
| 2201013.11 | Cora Droma Rúisc | €5,544.00 | |
| 2201013.12 | Guaire | €4,725.00 | |
| 2201013.13 | Muileann gCearr | €4,305.00 | |
| 2201013.14 | Rath Maoinis | €4,725.00 | |
| 2201013.15 | Ros Comain | €4,305.00 | |
| 2201013.16 | Uaran Mór | €4,305.00 | |
| | | | |
| **Iomlán** | | **€ 186,596.00** | **£ 177,622.40** |
| **Iomlán Scéime 2022/23** | | **€ 393,133.67** | |

**[ Tá faisnéis fágtha ar lár sa tábla thuas toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 6 agus 9 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise. ]**

**Aguisín B: Moltaí Maoinithe faoi Scéim Cholmcille 2022**

| Uimh. Thag. | Iarrthóir | Tionscadal | Iarrtha | Molta £ | Molta € |
|---|---|---|---|---|---|
| **CC22002** | Cumann Forbartha Charn Tóchair | Cuairt ar an Oileán Sgitheanach | £7,600 | £7,000 | - |
| **CC22003** | Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtair | CASSAN | £7,332.80 | £7,300 | - |
| **CC22005** | Cairde Teo | Aonach Mhacha | £3,840 | £3,840 | - |
| **CC22006** | Glór na Speiríní | Ag roinnt & ag ceiliúradh le chéile | £10,000 | £9,000 | - |
| **CC22002.02** | Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtair | Foclóirín | £1,566 | £1,566 | - |
| **Iomlán** | | | **£30,338.80** | **£28,706** | |

**Aguisín C: Maoiniú Tionscadal**

| **Eagraíocht** | **Réimse** | **Méid Iarrtha** | **Méid Molta** |
|---|---|---|---|
| Gaeloideachas | Taighde agus tacaíocht don Ghaeloideachas | €30,000 | €30,000 |
| Gael Linn | An Ghaeilge (mar ábhar scoile) ó thuaidh | €25,000 | €25,000 |
| Conradh na Gaeilge | Cosaint Teanga, Ionadaíocht agus Feachtais Feasachta | €35,000 | €35,000 |
| Glór na nGael | Forbairt Phobail agus An Ghaeilge mar Theanga Teaghlaigh | €45,000 | €45,000 |
| Oireachtas na Gaeilge | Deiseanna a thacaíonn le húsáid na Gaeilge agus bunú gréasán | €25,000 | €25,000 |
| An tÁisaonad | Ábhair Tacaíochta Curaclaim | €15,660 | €15,660 |
| Iomlán | | | €175,660 |

**Miontuairiscí ón 198ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 16 Meán Fómhair 2022 in Áras Mhic Reachtain, Béal Feirste**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), C. McGuinness (Leaschathaoirleach), K. Ó hEadhra, D. Mac Cárthaigh, N. Ní Chiaráin, F. Nic Giolla Chatháin, W. Majekodunmi, L. Ní Riada agus I. Ó Dochartaigh

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), J. Ó Labhraí, B. Mac Craith, S. Ó hEidhin agus L. Ní Fhaogáin

**Leithscéalta:** D. Ó Brolcháin, L. Rushe agus C. Mac Giolla Mhín

## 01.198 FÁILTE ÓN gCATHAOIRLEACH

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí chuig an gCruinniú Boird in Áras Mhic Reachtain. Rinneadh comhghairdeas le L. Ní Fhaogáin ar a ceapachán mar Eagarthóir Cúnta leis an nGúm.

## 02.198 GNÓ AN CHATHAOIRLIGH

Chuir an Cathaoirleach in iúl go bhfuil córam ann don chruinniú inniu.

## 03.198 MIONTUAIRISCÍ AN CHRUINNITHE BOIRD 24 MEITHEAMH 2022

Ardaíodh na pointí seo a leanas maidir le cruinneas na miontuairiscí;

iv) **04.197 iv);** gur glaoch gutháin, seachas cruinniú, a bhí ag an bPríomhfheidhmeannach le Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta.

v) **07.197 b);** gur thug ball eile den Choiste Forbartha, seachas Cathaoirleach an Choiste, an tuairisc ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste, toisc nach raibh an Cathaoirleach i láthair ag an gCruinniú Boird ar an 24 Meitheamh.

Glacadh leis na miontuairiscí den 24 Meitheamh 2022.

## 04.198 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ

Bhí na nithe seo a leanas ag éirí as na miontuairiscí;

i) Cuireadh in iúl go bhfuiltear ag fanacht ar aiseolas ó roinnt ball foirne ar an bhféilire don Bhord agus go gcuirfí an fhéilire ar fáil don Bhord ansin.

ii) Tuairiscíodh go raibh Príomhfheidhmeannach nua ag Údaras na Gaeltachta, nach mbeadh ag dul i mbun oibre go dtí i ndiaidh na Nollag, agus go bpléifí na féidearthachtaí comhoibrithe idir Foras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta leis an bPríomhfheidhmeannach eatramhach roimh an gcomhchruinniú ag Oireachtas na Samhna 2022.

iii) Iarradh ar Chomhaltaí Boird nach bhfuil sé déanta acu cheana, eolas beathaisnéise a chur ar fáil do shuíomh idirlín Fhoras na Gaeilge.

Ardaíodh na ceisteanna seo a leanas i dtaca leis na miontuairiscí;

i) Go bhfuil an chomhpháirtíocht idir Foras na Gaeilge agus Údarás na Gaeltachta tábhachtach agus go gcoinneofaí an Bord ar an eolas faoin gcomhpháirtíocht sin.
ii) Go scaipfí eolas ar an mBord maidir le lóistín ag Oireachtas na Samhna 2022.
iii) Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an bhfeidhmeannas as an obair a rinneadh mar ullmhúchán don chruinniú de Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge.
iv) An €700,00 sa bhreis do bhuiséad bonnlíne Fhoras na Gaeilge. Cuireadh in iúl nár tháinig scéala ón Roinn go fóill faoi sin ach go rabhthas ag súil go mbeadh an t-airgead sin ar fáil do thionscadal eile.

## 05.198 BAOL COIMHLINTÍ LEASA

Cuireadh in iúl go bhfuil baol coimhlinte leasa ag D. Mac Cárthaigh agus ag R. Uí Chollatáin maidir leis na cáipéisí *Cás Gnó Chlár na Leabhar Gaeilge* agus *Moltaí i leith Scéimeanna 2023.*

## 06.198 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Pléadh na pointí seo a leanas:

vii) Rinneadh tagairt don chruinniú leis an Aire Oideachais ó dheas. Cuireadh in iúl go leanfaí leis na cruinnithe sin agus moladh go mbeadh níos mó ná cruinniú amháin ann in aghaidh na bliana. Fiosraíodh maidir leis na tosaíochtaí a pléadh ag an gcruinniú sin. Cuireadh in iúl gur i measc na nithe a pléadh bhí; Gaelbhratach, díolúintí Gaeilge, ceisteanna T1 agus T2 agus an cheist maidir le Páipéar 1 den scrúdú Gaeilge. Tuairiscíodh go mbeadh teagmháil rialta ag Foras na Gaeilge leis na hoifigigh sa Roinn.
viii) Rinneadh plé ar roinnt gnéithe eile den Tuarascáil.

Glacadh le Tuairisc na hArdbhainistíochta.

Cuireadh na cáipéisí seo a leanas i láthair an Bhoird agus ghlac an Bord leo;

*i) Conradh na Gaeilge – Maoiniú ar luach £11,482 (€13,352) do Chomhordú an Éilimh ar Sheirbhísí Teanga;*
*ii) Comhaid foghraíochta do na suíomhanna foclóireachta – Íocaíocht ar luach €61,500 le Macalla Teoranta;*
*iii) Seirbhísí breise corpais – Íocaíocht bhreise ar luach €9,532.50 le Lexical Computing.*

## 07.198 CUR I LÁTHAIR AR AN BPRÓISEAS PLEANÁLA TEANGA

**Tháinig G. Trimble i láthair an chruinnithe ag an bpointe seo.**

Rinne G. Trimble cur i láthair ar an bPróiseas Pleanála Teanga.
Gabhadh buíochas le G. Trimble agus iarradh go gcuirfí cóip den chur i láthair ar fáil do na Comhaltaí Boird.

**Tháinig M. Ní Chonghaile i láthair an chruinnithe ag an bpointe seo.**

Ardaíodh na pointí seo a leanas;

i) Ardaíodh an pointe go bhfuil sé tábhachtach rátaí pá na n-oibrithe atá fostaithe faoin bpolasaí pleanála teanga a athbhreithniú;
ii) Moladh an obair atá déanta ar shuíomh Gaelphobal.ie;
iii) Ardaíodh ceist maidir le cén áit ar féidir teacht ar phleananna teanga. Cuireadh in iúl nach bhfuil na pleananna teanga ar fáil go poiblí agus moltar teagmháil a dhéanamh leis na Bailte Seirbhíse Gaeltachta agus na Líonraí Gaeilge féin.

**D'fhág G. Trimble an cruinniú ag an bpointe seo.**

Cuireadh in iúl go bhfuil cás gnó curtha faoi bhráid na Roinne ó dheas i dtaca le hoifigigh phleanála teanga eile a cheapadh.

## 08.198 TUAIRISCÍ Ó CHOISTÍ AN BHOIRD

### n) Coiste na nDeontas

*Oifigeach Forbartha Gaeilge 2023-25, Comhairle na Mumhan, CLG*
D'fhaomh an Bord maoiniú ar luach €120,000 do *Oifigeach Forbartha Gaeilge 2023-25 Comhairle na Mumhan, CLG*

*Ag Tógáil Clainne le Gaeilge (Glór na Móna)*
D'fhaomh an Bord maoiniú ar luach £5,820 (€6,139.53) do *Ag Tógáil Clainne le Gaeilge (Glór na Móna)*

*Scéim na nOifigeach Gaeilge*
Rinne an moladh seo a leanas i dtaca le Scéim na nOifigeach Gaeilge agus ghlac an Bord leis:

i) go gcuirfí síneadh ama cúig mhí dhéag le Scéim na nOifigeach Gaeilge.

*An Scéim d'Ionaid Phobail Ghaeilge 2022-2023*
D'fhaomh an Bord maoiniú ar luach €720,016 do na hiarrthóirí seo a leanas:

| Ainm an Eagrais | Contae | € | Stg£ |
|---|---|---|---|
| Gael Forbairt na Gaillimhe | Gaillimh | € 50,000 | |
| Aonach Mhacha | Ard Mhacha | | £ 43,000 |
| An Droichead | Aontroim | | £ 43,000 |
| Glór na Móna | Aontroim | | £ 43,000 |
| Coiste Forbartha Charn Tóchair | Doire | | £ 43,000 |
| Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain | Aontroim | | £ 43,000 |
| Muintir Chrónáin Teo. | Baile Átha Cliath | € 50,000 | |
| Conrad na Gaeilge An tAonach - CnaG | Tiobraid Árann | € 50,000 | |
| Ionad Uíbh Eachach | Aontroim | | £ 40,000 |
| Craobh an Iúir - CnaG | An Dún | | £ 43,000 |
| Ionad na Fuiseoige | Aontroim | | £ 34,450 |
| Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar | An Dún | | £ 35,770 |
| Glór Dhún Geimhin | Doire | | £ 35,770 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Glor Léim an Mhadaigh | Doire | | £ 35,770 |
| Cumann Cluain Árd | Aontroim | | £ 35,770 |
| Craobh Inse Chór -Conradh na Gaeilge | Baile Átha Cliath | € 17,074 | |
| | | **€ 167,074** | **£ 475,530** |

**Mór-Iomlán** € 720,016

Cuireadh an Bord ar an eolas faoi na Nótaí Eolais seo a leanas a bhí ceadaithe ag an bPríomhfheidhmeannach:

- Leasú ar bhuiséad Chumann na bhFiann; agus
- Leasú ar bhuiséad Choláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste, do An tÁisaonaid Lán-Ghaeilge.

**o) An Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Osradhairc.

**p) An Coiste Iniúchta**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Iniúchta.

- Cuireadh an *Clár Riosca* i láthair an Bhoird agus glacadh leis.
- Cuireadh an *Polasaí Bainistiú Riosca* i láthair an Bhoird agus glacadh leis.
- Cuireadh an *Meamram ar Éileamh ar Íocaíocht a Údarú* i láthair an Bhoird agus glacadh leis.

**q) An Coiste Forbartha**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Forbartha.

**D'fhág D. Mac Cárthaigh agus R. Uí Chollatáin an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlinte leasa. Chuaigh C. Mc Guinness sa chathaoir.**

Cuireadh na cáipéisí seo a leanas i láthair an Bhoird agus glacadh leo;

*i) Treoirlínte d'iarratasóirí Scéim na gCoimisiún 2023-24 (Scéim Phíolótach)*
*ii) Cás Gnó do mhéadú ar bhuiséad bonnlíne Chlár na Leabhar Gaeilge*
*iii) Moltaí i leith Scéimeanna 2023 (Scéim na Foilsitheoireachta agus Scéim na gCoimisiún)*

**D'fhill D. Mac Cárthaigh agus R. Uí Chollatáin ar an gcruinniú ag an bpointe seo. Chuaigh R. Uí Chollatáin sa chathaoir arís.**

**r) An Coiste Achomhairc**

Chuir Cathaoirleach an Choiste in iúl gur pléadh an dá iarratas ar achomharc ag cruinniú den Choiste. Tuairiscíodh gur cinneadh ag an gcruinniú nach ndearna Foras na Gaeilge aon mhíléamh ar an eolas a tugadh i gceachtar den dá iarratas, agus gur chloígh Foras na Gaeilge

lena chuid próiseas agus measúnú á dhéanamh ar na hiarratas. Dá réir sin, ní bheidh athrú ag teacht ar an gcinneadh.

Ghlac an Bord leis an gcinneadh sin.

**D'fhág M. Ní Chonghaile an cruinniú ag an bpointe seo.**

Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na Cathaoirligh ar na coistí, agus leis na baill de na coistí as a gcuid oibre sna coistí éagsúla.

## 09.198 PLEAN CORPARÁIDEACH 2023-2025 – DRÉACHT 2

Cuireadh dréacht 2 de Phlean Corparáideach 2023-2025 faoi bhráid an Bhoird.

Tuairiscíodh go bhfuil treoir agus aiseolas le teacht ón dá Roinn go fóill maidir le codanna den Phlean.

Ardaíodh na ceisteanna seo a leanas maidir le Dréacht 2 den Phlean Corparáideach:

ii) **A3:1 & A3:2**. Ardaíodh ceist maidir lena bhfuil i gceist le 'deontaí'. Cuireadh in iúl gurb é an soláthróir seirbhíse atá i gceist. Tugadh soiléiriú ar a bhfuil i gceist leis an táscaire 'an tseirbhís ar fáil'.

iii) **Lgh 27 & 28.** Soiléiríodh go bhfuil na tagairtí éagsúla d'eagraíochtaí a gcuireann Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil dóibh, bunaithe ar na hacmhainní reatha atá ag na heagraíochtaí sin faoi láthair.

iv) Ardaíodh ceist maidir le Cuid 1 den Phlean Corparáideach agus faoi na gnéithe den Phlean Corparáideach nár cuireadh faoi bhráid an Bhoird go fóill, go háirithe an tuairisc ar fheidhmíocht sa Phlean Corparáideach reatha. Tuairiscíodh go bhfuil an fhoireann ag obair air sin faoi láthair.

Ghlac an Bord le Dréacht 2 den Phlean Corparáideach.

## 10.198 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 LÚNASA 2022

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais go 31 Lúnasa 2022 i láthair an Bhoird.

Ghlac an Bord leis an Ráiteas Caiteachais.

Ardaíodh ceist maidir le cúrsaí boilscithe agus na himpleachtaí a bheidh ag an mboilsciú d'Fhoras na Gaeilge agus dá chuid deontaithe. Moladh go ndéanfaí páipéar a ullmhú don chéad Chruinniú Boird eile a léiríonn na dúshláin atá ann agus réitigh mholta.

## 11.198 COMHFHREAGRAS

**D'fhág R. Uí Chollatáin an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlinte leasa. Chuaigh C. Mc Guinness sa chathaoir.**

Rinneadh tagairt do litir a cuireadh chuig an gCathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach. Cuireadh in iúl go bhfuil achoimre ar ábhar na litreach sin ar *Decision Time*. Moladh go

gcuirfeadh an Leas-Chathaoirleach freagra ar ais ag tacú leis na cinntí atá déanta agus ar tairiscint cruinniú.

Ghlac an Bord leis an moladh sin.

**12.198 AON GHNÓ EILE**

**D'fhill R. Uí Chollatáin ar an gcruinniú ag an bpointe seo agus chuaigh sa chathaoir arís.**

Cuireadh in iúl go mbeadh an chéad Chruinniú Boird eile ar siúl ar an Aoine, an 4 Samhain 2022 ag Oireachtas na Gaeilge, i gCill Airne. Tuairiscíodh go scaipfí ar na Comhaltaí, eolas faoi na hócáidí a bheidh ar siúl ag Foras na Gaeilge ag an bhféile.

Tuairiscíodh go bhfuil Foras na Gaeilge ina bhall den ghrúpa teanga Eorpach, an Chónaidhm Eorpach d'Institiúidí Náisiúnta Teangacha (European Federation of National Institutions for Language) EFNIL. Tá EFNIL ag iarraidh athrú a dhéanamh ar a bhunreacht. Tá an moladh á dhéanamh acu go dtabharfaí cead do ghrúpaí taobh amuigh den Aontas Eorpach a bheith ina mball den ghrúpa feasta. Iarradh cead an Bhoird do dtacódh Foras na Gaeilge leis an moladh sin. Ghlac an Bord leis sin.

Rinne an Cathaoirleach comhghairdeas leis an Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta, Joe Ó Labhraí, atá ag dul ar scor i mí Dheireadh Fómhair na bliana seo, i ndiaidh 12 bhliain ar fhoireann Ard-Bhainistíochta Fhoras na Gaeilge. Ghabh an Bord agus an Príomhfheidhmeannach buíochas le Joe as a chuid oibre ar fad le Foras na Gaeilge. Guíodh gach rath air amach anseo.

Regina Uí Chollatáin

______________________________

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**4 Samhain 2022**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2022**

| | 21/01/ 2022 | 11/03/ 2022 | 29/04/ 2022 | 24/06/ 2022 | 16/09/ 2022 | 04/11/ 2022 | 16/12/ 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| C. McGuinness | ✓ | X | X | ✓ | ✓ | | |
| K. Ó hEadhra | X | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| D. Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | X | | |
| L. Rushe | X | ✓ | ✓ | ✓ | X | | |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| I. Ó Dochartaigh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| W. Majekodunmi | ✓ | X | X | X | ✓ | | |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | |
| M. Ní Chonghaile | X | ✓ | ✓ | X | ✓ | | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | X | | |
| L. Ní Riada | ✓ | ✓ | ✓ | X | ✓ | | |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | ✓ | X | ✓ | ✓ | | |

**Miontuairiscí ón 199ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 4 Samhain 2022 in Óstán The Brehon, Cill Áirne, Co Chiarraí.**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), C. McGuinness (Leaschathaoirleach), K. Ó hEadhra, M. Ní Chonghaile, D. Mac Cárthaigh, N. Ní Chiaráin, F. Nic Giolla Chatháin, W. Majekodunmi, L. Ní Riada, D. Ó Brolcháin, L. Rushe, C. Mac Giolla Mhín agus I. Ó Dochartaigh

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), B. Mac Craith, S. Ó hEidhin agus C. Ní Chonghaile

## 01.199 FÁILTE ÓN gCATHAOIRLEACH

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí chuig an gCruinniú Boird ag Oireachtas na Gaeilge in Óstán an Brehon i gCill Airne.

## 02.199 GNÓ AN CHATHAOIRLIGH

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh córam ann don chruinniú.
Rinne an Cathaoirleach tagairt do na nithe seo leanas:

(a) Luadh san aiseolas ó tuairisc Swift gur mhaith le Comhaltaí deis ionchur straitéiseach a dhéanamh maidir le hobair Fhoras na Gaeilge, agus chuige sin beidh lá straitéise á eagrú san earrach 2023. Beidh níos mó eolais ar fáil nuair a bheidh an cheist pléite ag an gCoiste Osradharc.
(b) Tá an feachtas **Creidim Ionat** faoi lán seoil agus ag éirí go han-mhaith leis. Iarradh ar Chomhaltaí tacú leis ar na meáin shóisialta.
(c) Beidh an Seimineár: Athneartú na Gaeilge san Earnáil Chultúir in iarsmalann EPIC ar an 17 Samhain.
(d) Cruinniú Boird ar 16 Nollaig i mBaile Átha Cliath agus lón na Nollag ina dhiadh.

## 03.199 MIONTUAIRISCÍ AN CHRUINNITHE BOIRD 16 Meán Fómhair 2022

Glacadh leis na miontuairiscí den 16 Meán Fómhair 2022.

## 04.199 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ

Bhí na nithe seo a leanas ag éirí as na miontuairiscí;

iv) 04.198 i) Glacadh leis an sceideal le haghaidh chruinnithe an Bhoird in 2023.
v) 04.198 iii) Glacadh buíochas leis na comhaltaí Boird faoin eolas beathaisnéise a chuir siad ar fáil do shuíomh idirlín Fhoras na Gaeilge, agus iarradh arís ar Chomhaltaí nach raibh sin curtha ar fáil acu, sin a dhéanamh go luath.
vi) Rinneadh plé ar fhreastal fíorúil ar chruinnithe Boird. Mhínigh an Cathaoirleach go raibh cáipéis curtha ar fáil ag an bPríomhfheidhmeannach ar a hiarratas, agus go mbeadh an cheist le plé ag an gcruinniú Boird i mí na Nollag.

.

## 05.199 BAOL COIMHLINTÍ LEASA

Cuireadh in iúl go bhfuil baol coimhlinte leasa ag D. Mac Cárthaigh agus ag R. Uí Chollatáin maidir le cáipéisí Scéim na Foilsitheoireachta & Scéim na dTionscadal Litríochta.

## 06.199 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Pléadh na pointí seo a leanas:

ix) Cruinniú a bhí ag an bPríomhfheidhmeannach agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach le hoifigigh shinsearacha na Roinne Oideachais ó thuaidh maidir le ceist na Gaeilge sa chóras Oideachais ó thuaidh.

x) Cruinniú Boird CNCM.

xi) Cruinniú leis an Aire Steve Baker TP maidir le dul chun cinn ar an Bhille Cultúir agus Féiniúlachta.

Fiosraíodh an bhféadfaí níos mó poiblíochta a dhéanamh nuair a bheadh ionadaithe de chuid Fhoras na Gaeilge ar chruinnithe tábhachtacha.

Moladh leanstan ar aghaidh leis an chleachtas gur chóir a chinntiú go mbeadh an Cathaoirleach i láthair ar chruinnithe le hairí rialtais ó dheas agus ó thuaidh.

Tugadh moladh don fheidhmeannas as méid na ngníomhaíochtaí ionadaíochta a bhí déanta acu.

Cuireadh na cinntí seo a leanas a rinneadh faoin Scéim Tharmligin i láthair an Bhoird ó Thuairisc na hArdbhainistíochta, agus ghlac an Bord leo:

Scéim Tharmligin:

*(a) Maoiniú breise a chur le deontais reatha faoi Scéim na Foilsitheoireachta, bunaithe ar an mhaoiniú breise ón Roinn, agus sin a thuairisciú do Chruinniú Boird Mhí na Nollag.*

*(b) £6,250 d'Ionad Uíbh Eachach don tionscadal Gaeilge sa Bhaile faoi Chiste Tionscadal 2022.*

Glacadh le Tuairisc na hArdbhainistíochta.

## 07.199 TUAIRISCÍ Ó CHOISTÍ AN BHOIRD

### s) Coiste na nDeontas

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú de Choiste na nDeontas:

*An Cur Chuige Comhpháirtíochta*

Cheadaigh an Bord, ar mholadh an Chathaoirligh, an maoiniú seo a leanas do na Ceanneagraíochtaí ainmnithe faoin gCur Chuige Comhpháirtíochta:

| Ainm | Méid Molta do 2023 |
|---|---|
| Conradh na Gaeilge | €832,457 |
| Gael Linn | €650,183 |
| Cumann na bhFiann | € 745,136 |
| Gaeloideachas | €708,562 |
| Glór na nGael | € 1,078,615 |
| Oireachtas na Gaeilge | € 622,594 |

*Scéim na bhFéilte 2023*
D'fhaomh an Bord, ar mholadh an Chathaoirligh, an tuairisc ar Scéim na bhFéilte agus deontais ar luach €56,736 do 21 deontaí faoin scéim, agus an moladh go gcloífí leis an gcur chuige go mbíonn dhá ghlaoch in aghaidh na bliana do Scéim na bhFéilte.

**D'fhág D. Mac Cárthaigh agus R. Uí Chollatáin an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlinte leasa. Chuaigh C. Mc Guinness sa chathaoir.**

*Scéim na Foilsitheoireachta 2021 & Scéim na dTionscadal Litríochta 2021*

D'fhaomh an Bord an moladh síneadh bliana amháin eile a chur ar fáil do dheontaithe reatha na Scéime Foilsitheoireachta agus Scéim na dTionscadal Litríochta do 2023.

**Tháinig D. Mac Cárthaigh agus R. Uí Chollatáin ar ais ag an cruinniú ag an bpointe seo agus chuaigh R. Uí Chollatáin ar ais sa chathaoir.**

## 08.199 TUAIRISCÍ Ó CHOISTÍ AN BHOIRD

**t) An Coiste Osradhairc**
Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Osradhairc. Tuairiscíodh don Bhord go raibh an cás clúmhillte a raibh Foras na Gaeilge luaite leis réitithe anois.

**u) An Coiste Iniúchta**
Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Iniúchta.

- Cuireadh an clár riosca faoi bhráid an Bhoird agus glacadh leis.
- Cuireadh in iúl go mbeadh an Coiste ag plé athbhunú an Fhóraim Forbartha Teanga ag an chéad chruinniú eile.

**v) An Coiste Forbartha**
Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ó bhéal ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Forbartha.

Glacadh buíochas le Seán Ó Cearnaigh atá imithe ar scor tar éis 18 mbliana mar Chlárbhainisteoir Pleanáil Chorparáideach, agus guíodh gach rath air amach anseo.

- D'fhaomh an Bord Plean Gnó 2023 ar mholadh ó Chathaoirleach an Choiste.

- D'fhaomh an Bord an páipéar ar bhrúnna boilscithe ar dheontaithe, agus cuireadh in iúl go raibh an feidhmeannas ag ullmhú an dara páipéar don Choiste.

- Cuireadh in iúl go mbeadh plé le déanamh ag an gcéad chruinniú eile ar athbhunú an Fhóraim Forbartha Teanga.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na Cathaoirligh ar na coistí, agus le baill na gcoistí as a gcuid oibre sna coistí éagsúla.

**09.199 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 Meán Fómhair 2022**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais go 30 Meán Fómhair 2022 i láthair an Bhoird. Chuir sé in iúl go bhféadfaí go mbeadh buiséad 2023 faoi bhrú de bharr arduithe cíosa ar na hoifigí éagsúla.

Ghlac an Bord leis an Ráiteas Caiteachais.

Tagraíodh don cháipéis maidir le impleachtaí na géarchéime boilscithe do dheontaithe Fhoras na Gaeilge.

**10.199 COMHFHREAGRAS**

Tagraíodh don litir ó Chonradh na Gaeilge ag iarradh tuairimí don phlean infheistíochta. Beidh an feidhmeannas ag plé leis an gceist seo.

**11.199 AON GHNÓ EILE**

Rinneadh fiosrú maidir le cúrsaí foirne agus faoi na dúshláin d'fhorbairt na Gaeilge ó thuaidh i bhfianaise nach bhfuil an Feidhmeannas ó thuaidh ag feidhmiú. Iarradh páipéar ar na dúshláin d'fhorbairt na Gaeilge ó thuaidh don lá straitéise.

Regina Uí Chollatáin

_________________________

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**16 Nollaig 2022**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2022**

| | 21/01/ 2022 | 11/03/ 2022 | 29/04/ 2022 | 24/06/ 2022 | 16/09/ 2022 | 04/11/ 2022 | 16/12/ 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| C. McGuinness | ✓ | X | X | ✓ | ✓ | ✓ | |
| K. Ó hEadhra | X | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| D. Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | X | ✓ | |
| L. Rushe | X | ✓ | ✓ | ✓ | X | ✓ | |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| I. Ó Dochartaigh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| W. Majekodunmi | ✓ | X | X | X | ✓ | ✓ | |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| M. Ní Chonghaile | X | ✓ | ✓ | X | ✓ | ✓ | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | X | ✓ | |
| L. Ní Riada | ✓ | ✓ | ✓ | X | ✓ | ✓ | |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | ✓ | X | ✓ | ✓ | ✓ | |

**Miontuairiscí ón 200ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 16 Nollaig 2022 in Seomra an Bhoird, Áras na Gaeilge, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), C. McGuinness (Leaschathaoirleach), K. Ó hEadhra, D. Mac Cárthaigh, N. Ní Chiaráin, F. Nic Giolla Chatháin agus W. Majekodunmi, I. Ó Dochartaigh.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), B. Mac Craith, S. Ó hEidhin agus C. Ní Chonghaile

**Leithscéal**: D. Ó Brolcháin, L. Rushe, L. Ní Riada agus C. Mac Giolla Mhín

## 01.200 FÁILTE ÓN GCATHAOIRLEACH

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí chuig Áras na Gaeilge do chruinniú Boird na Nollag.

## 02.200 Cuairt ó Stiúrthóir na Gaeilge in RTCEGS&M

Thug Stiúrthóir na Gaeilge, Aodhán Mac Cormaic tuairisc ó bhéal ar an obair atá ar siúl faoi láthair sa Roinn. Thuairisc sé ar na nithe seo leanas:

- Taighde le haghaidh earcaíochta don Ollphlean Náisiúnta Earcaíochta atá coimisiúnaithe ó Ollscoil na Gaillimhe. Beidh an Plean Náisiúnta réidh faoi 2024.
- Maoiniú breise €900,000 do bhuiséad 2023 Fhoras na Gaeilge.
- Torthaí dearfacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, maidir le fógraíocht i nGaeilge.

Ghlac an Stiúrthóir le ceisteanna ó chomhaltaí. Rinneadh plé ar réimse leathan ábhar:

- Díolúine na Gaeilge sa chóras oideachais ó dheas; easpa cúram leanaí trí Ghaeilge ó dheas; pleanáil teanga i gceantair Ghaeltachta a bhfuil an Ghaeilge lag iontu; tithíocht do phobal na Gaeltachta; straitéis dhigiteach an Rialtais ó dheas don Ghaeilge; feachtais feasachta; gairmeacha Gaeilge. Tugadh ard-mholadh do Stiúrthóir na Gaeilge as a bhfuil curtha i gcrích aige ina ról. Ghlac an Cathaoirleach buíochas leis.

## 03.200 GNÓ AN CHATHAOIRLIGH

Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh córam ann don chruinniú. Rinne an Cathaoirleach tagairt do na nithe seo leanas:

(e) Ghlac sí buíochas le gach duine a bhí páirteach sa seimineár: *Athneartú na Gaeilge san Earnáil Chultúir* in iarsmalann EPIC ar an 17 Samhain. Chuir sí in iúl go mbeadh sí ag cur nóta buíochais chuig an Aire Martin as a teachtaireacht thaifeadta don ócáid.

(f) Chuir sí in iúl gur go raibh seisiún gan feidhmeannas roimh an chruinniú Boird agus socraíodh na nithe seo a leanas maidir le freastal ar chruinnithe Boird:

- go ndéanfadh comhaltaí iarracht gan a bheith ag freastal ó chian ar níos mó ná dhá chruinniú as a chéile, agus dá mbeadh comhaltaí gan freastal i gcorp ar dhá chruinniú as a chéile, go bpléifeadh an Cathaoirleach ceist a dtinrimh leo;
- go mbeadh solúbthacht ann do chomhaltaí freastal ar chruinnithe ó chian i gcásanna eisceachtúla; agus
- go gcloífí leis na hionad agus dátaí sa sceideal do chruinnithe Boird 2023.

Moladh go mbeadh cruinniú Boird amháin ar a laghad in ionad pobail éigin le linn 2023.

**04.200 MIONTUAIRISCÍ AN CHRUINNITHE BOIRD 4 Samhain 2022**
Glacadh leis na miontuairiscí de Chruinniú Boird an 4 Samhain 2022.

**05.200 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ**
Bhí na nithe seo a leanas ag éirí as na miontuairiscí;

vii) Tugadh ardmholadh don Seimineár: *Athneartú na Gaeilge san Earnáil Chultúir*. Cuireadh in iúl gur mhaith an rud é dá bhféadfaí preaseisiúint, mír nuachta nó grian graif a eisiúint chun poiblíocht a thabhairt d'ócáidí mar í feasta.

**06.200 BAOL COIMHLINTÍ LEASA**
Cuireadh in iúl go raibh baol coimhlint leasa ag an gCathaoirleach maidir le moladh i leith do Comhar faoi Scéim Cholmcille.

**07.200 TUAIRISC NA HARDBHAINISTÍOCHTA**

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Tuairiscíodh go raibh an córas iarratas ar líne beo anois agus in úsáid le haghaidh Scéim na gCompántas Drámaíochta. Rinne an Cathaoirleach comhghairdeas leis an bhfoireann ar fad a bhí ag plé leis an chóras iarratas ar líne, go háirithe leis an gClárbhainisteoir Seirbhísí Oideachais, Seosamh Ó Coinne, a bhí ina bhainisteoir tionscadail ar an tionscadal agus le hEdel Ní Chorráin, Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais a chinntigh na caighdeáin agus an mhonatóireacht.

Iarradh go ndéanfaí an nasc chuig www.textbook.ie a sheiceáil.

Iarradh go scaipfí cóip den pháipéar ar an chur chuige don athdháileadh arís.

Cuireadh comhaltaí ar an eolas faoi chomhairliúchán na Roinne Oideachais ó dheas ar a bpolasaí don oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

Tugadh cead tarmligin don PF i gcomhar leis an Chathaoirleach, íocaíochtaí a cheadú idir seo agus cruinniú Boird 27 Eanáir, le gurbh fhéidir tionscadail a mhaoiniú idir seo agus deireadh na bliana.

Glacadh le Tuairisc na hArdbhainistíochta.

**08.200 CUR I LATHAIR AR CREIDIM IONAT**
Chuir S. Ó hEidhin, Stiurthóir Seirbhísí Corparáideacha, na torthaí ón bhfeachtas feasachta i láthair an Bhoird. Léirigh na torthaí dearfacha chomh fiúntach is a bhí sé agus an luach ar airgead a bhí faighte as an infheistíocht de €90,000 a caitheadh ar an bhfeachtas. Thug na comhaltaí ardmholadh don feidhmeannas as an obair ar fad, go háirithe don Chlárbhainisteoir Cumarsáide agus Margaíochta, Anna Davitt, agus chuir siad in iúl go bhfáilteodh siad roimh a leithéid d'fheachtas a bheith ann arís in 2023.

## 09.200 TUAIRISCÍ Ó CHOISTÍ AN BHOIRD

### w) Coiste na nDeontas

Ghlac an Bord leis an moladh maoiniú a thabhairt dóibh seo a leanas:

- Conradh na Gaeilge - €49,054 do Chomhordú an Éilimh ar Sheirbhísí Teanga – 2023;
- €120,000 do Ghael Linn don tionscadal Gaelbhratach;
- £272,486 (€316,844) do Choláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste don Áisaonad Lán-Ghaeilge;
- €70,000 faoi Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| An Comórtas Náisiúnta Amhrán Nua-Chumtha 2023 & An Fhéile Idirnáisiúnta Phan-Cheilteach 2023 | Ceatharlach | €8,000.00 |
| Féile Lúnasa 2023 | Aontroim | £12,000.00 |
| Scoil Samhraidh Mhic Reachtain | Aontroim | £10,400.00 |
| Féile na Gealaí 2023 | Co. na Mí | €14,000.00 |
| An Fhéile Náisiúnta Drámaíochta | Gaillimh | €14,800.00 |
| Scoil Gheimhridh Merriman 2023 | Baile Átha Cliath | €4,200.00 |
| Eriú agus Amergin | Co. an Chláir | €3,000.00 |

- €75,000 do Ghaelchultúr faoin Scéim Sainchúrsaí Oiliúna don Earnáil Phoiblí;

D'fhág an Cathaoirleach an cruinniú de bharr baol coimhlint leasa, agus chuaigh an Leas-Chathaoirleach, C. McGuinness, sa chathaoir.

- Scéimeanna Deontas agus Miondeontas Cholmcille:

| | | |
|---|---|---|
| **COMHAR** | COMHARTaighde, clár Gàidhlig | €3,000 _ |
| **Raidió Fáilte** | Inrochtaineacht Cholmcille | £10,000 |
| **Féile na Gealaí** | Féile na Gealaí 2023 clár Gàidhlig | €9,000_ |
| **Fóram na nÓg** | Coiste na nÓg, clár Gàidhlig | £7,000 |

**Iomlán molta (@ £0.86 = €1) €31,767.44**

Tháinig an Cathaoirleach ar ais isteach sa chruinniú agus chuaigh sí sa chathaoir in athuair.

## 10.200 TUAIRISCÍ Ó CHOISTÍ AN BHOIRD

### x) An Coiste Iniúchta

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Iniúchta.

- Tugadh faomhadh don Pholasaí Sceithireachta agus don Pholasaí Calaoise athbhreithnithe.
- Cuireadh an clár riosca faoi bhráid an Bhoird agus nótáladh é – beidh roinnt leasuithe le déanamh air.

**y) An Coiste Forbartha**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Forbartha.

- Iarradh ar an Bhord an leagan deiridh faofa de Phlean Corparáideach 2023-25 a nótáil.
- Tugadh nuashonrú ar Scéim Tacaíochta Fuinnimh an Rialtais ó dheas, agus tugadh cead í a fhógairt go poiblí i mí Eanáir.

Tugadh cead tarmligin don PF i gcomhar leis an gCathaoirleach íocaíochtaí a cheadú faoin scéim sa chás go mbeadh íocaíochtaí le ceadú roimh an 27 Eanáir 2023.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le Cathaoirligh agus le baill na gCoistí as a gcuid oibre sna coistí éagsúla.

**11.200 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 Samhain 2022**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais go 30 Samhain 2022 i láthair an Bhoird.

Ghlac an Bord leis an Ráiteas Caiteachais.

**12.200 COMHFHREAGRAS**

Níor cuireadh aon chomhfhreagras faoi bhráid an chruinnithe

.

**13.200 AON GHNÓ EILE**

Fiosraíodh an gcuirimid tacaíocht ar fáil don Ghaeilge ar Oileán Mhanann. Míníodh nach gcuireann. Iarradh eolas a chur ar fáil don Bhord ar an féidearthachtaí a bhainfeadh leis sin.

Regina Uí Chollatáin

________________________

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**26 Eanáir 2023**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2022**

| | 21/01/ 2022 | 11/03/ 2022 | 29/04/ 2022 | 24/06/ 2022 | 16/09/ 2022 | 04/11/ 2022 | 16/12/ 2022 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| C. McGuinness | ✓ | **X** | **X** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| K. Ó hEadhra | **X** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| D. Ó Brolcháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **X** | ✓ | **X** |
| L. Rushe | **X** | ✓ | ✓ | ✓ | **X** | ✓ | **X** |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| I. Ó Dochartaigh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| W. Majekodunmi | ✓ | **X** | **X** | **X** | ✓ | ✓ | ✓ |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| M. Ní Chonghaile | **X** | ✓ | ✓ | **X** | ✓ | ✓ | ✓ |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **X** | ✓ | **X** |
| L. Ní Riada | ✓ | ✓ | ✓ | **X** | ✓ | ✓ | **X** |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | ✓ | **X** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |